Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Feabhra 2024**
**(OR. en)**

**6622/24**

**MI 174**
**COMPET 173**
**IND 84**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Feabhra 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 77 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN "Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas 2024" |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 77 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 77 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.2.2024
COM(2024) 77 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**"Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas 2024"**

{SWD(2024) 77 final} - {SWD(2024) 78 final}

## Réamhrá

Tá Margadh Aonair an Aontais, ceann de na réimsí margaidh comhtháite is mó ar domhan, i gcroílár ár n-iomaíochais. Le níos mó ná 440 milliún tomhaltóir agus barainneachtaí móra scála i gceist leis, rinneadh an bloc trádála is mó ar domhan den Aontas a bhuí leis – agus an ceathrú cuid d'onnmhairí domhanda de sheirbhísí agus an cúigiú cuid d'earraí ardteicneolaíochta ag a ghnólachtaí[1] – agus is ceann scríbe inmhianaithe é d'infheistíocht eachtrach. Tacaíonn a chreat maicreacnamaíoch cobhsaí agus a bhonneagar ardchaighdeáin le timpeallacht ghnó atá neamhdhíobhálach d'infheistíocht agus tá siad fréamhaithe i samhail geilleagair shóisialta láidir margaidh agus tacaíonn siad leis an tsamhail sin.

Leis na ngéarchéimeanna i ndiaidh a chéile a bhí ann le déanaí, cuireadh i dtábhacht an tábhacht a bhaineann le hathléimneacht an Mhargaidh Aonair a neartú. Rinnean Coimisiún roinnt mórthionscnamh chun sláine an Mhargaidh Aonair a chaomhnú agus bonn tionsclaíoch an Aontais a neartú le linn phaindéim COVID-19 agus i ndiaidh chogadh foghach na Rúise faoin Úcráin. Sa chomhthéacs dúshlánach sin agus i bhfianaise na hiomaíochta domhanda atá ag méadú, déanann an Coimisiún a dhícheall an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur le chéile le Margadh Aonair iomaíoch agus inbhuanaithe, gan aon duine a fhágáil ar lár. Téann Margadh Aonair a fheidhmíonn go maith chun tairbhe do thomhaltóirí trí phraghsanna níos ísle, roghanna éagsúlaithe agus cearta coiteanna dea-chosanta.

Tá ag an Aontas sócmhainní an-láidir chun tógáil orthu: innealtóirí ardcháilithe, barr feabhais sa taighde, bonneagar cáilíochta, bonn láidir monaraíochta, earnáil láidir seirbhísí, buntáiste iomaíoch i bhforbairt teicneolaíochtaí glana, ríomhairí ardfheidhmíochta, candam, agus teicneolaíochtaí bunathraitheacha digiteacha – agus, ar ndóigh, an Margadh Aonair mar thúsphointe.

Mar sin féin, tá dúshláin os comhair gheilleagar na hEorpa – dúshláin sheanbhunaithe agus cinn atá tagtha chun cinn le déanaí – a bhaineann leis an athrú aeráide, athruithe geopholaitiúla, luathú na teicneolaíochta, praghsanna arda fuinnimh, déimeagrafaíocht, ganntanas saothair agus scileanna, spleáchais straitéiseacha, agus iomaíocht éagórach idirnáisiúnta.

In 2023, pléadh sa **Teachtaireacht maidir le Margadh Aonair ag 30**[2] an bealach chun cinn maidir le conas a d'fhéadfaí an Margadh Aonair a neartú tuilleadh chun leas a bhaint as a lánacmhainneacht. I gcomhthráth leis sin, leis **an Teachtaireacht maidir le hIomaíochas fadtéarmach**[3] tugtar léargas ar na dúshláin iomaíochais agus rinneadh measúnú orthu trí lionsa naoi sreagthach iomaíochais (féach Fíor 1). Tugtar anailís sa **Teachtaireacht sin maidir leis an Margadh Aonair agus maidir lena iomaíochas, arna struchtúrú i ndáil leis na naoi dtáscaire iomaíochais sin** agus na Príomhtháscairí Feidhmíochta gaolmhara (PTFnna). Sainaithnítear léi freisin tosaíochtaí amach anseo freisin agus moltar léi gníomhaíochtaí i gcás inarb iomchuí.

[1] Féach Scórchlár an Mhargaidh Aonair (Athléimneacht eacnamaíoch | Scórchlár an Mhargaidh Aonair  (europa.eu), an rannóg trádála).

[2] An Margadh Aonair ag 30, an 16 Márta 2023, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52023DC0162.

[3] hIomaíochas fadtéarmach an Aontais: ag breathnú i ndiaidh 2030, an 16 Márta 2023,https://commission.europa.eu/system/files/2023-03/Communication_Long-term-competitiveness.pdf.

Dá bhrí sin, cuireann an Coimisiún leis an gcéad timthriall bliantúil ina bpléann an Chomhairle, an Chomhairle Eorpach agus Parlaimint na hEorpa an dul chun cinn agus na bearta is gá maidir le todhchaí an Mhargaidh Aonair agus an iomaíochais.

*Figiúir 1: Sainmhíniú ar iomaíochas bunaithe ar na naoi spreagthach*




Foinse: Teachtaireacht maidir le hiomaíochas fadtéarmach(COM(2023)168)

## 1. Margadh Aonair a fheidhmíonn

| PTF | Tuairisc | Sprioc | Luach is déanaí an |
|---|---|---|---|
| PTF 1: Comhtháthú sa Mhargadh Aonair | Comhtháthú sa Mhargadh Aonair: trádáil thar OTI | Méadú | 26.3 % le haghaidh earraí (2022)<br>23.5 % le haghaidh earraí (2021)<br>7.5 % le haghaidh seirbhísí (2022)<br>6.6 % le haghaidh seirbhísí (2021) |
| PTF 2: Easnamh comhréireachta (treoracha a trasuíodh go mícheart) | Tomhaistear leis líon na dtreoracha a trasuíodh agus ar sheol an Coimisiún imeachtaí um shárú maidir le trasuí mícheart ina leith. | 0.5 % | 1.2 % (2023)<br>1.3 % (2022) |

| | **Dathchódú:** |
|---|---|
| | Níl aon treocht ar fáil |
| | Feabhsaithe |
| | Cobhsaí (athrú ≤2 %) |
| | Éirithe níos measa |

[4] Is iad na sonraí na cinn a bhí ar fáil i mí na Nollag 2023. In Iarscríbhinn 1 'Forléargas ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) maidir le hiomaíochas fadtéarmach' in SWD(2024) 78, tugtar faisnéis maidir le treochtaí níos faide.

**Réamhriachtanas le haghaidh iomaíochas fadtéarmach is ea an Margadh Aonair. Le Margadh Aonair a fheidhmíonn go maith, tá bonn láidir eacnamaíoch curtha ar fáil don Aontas le 30 bliain anuas: linn mhór éilimh, foinsí soláthair éagsúlaithe agus deiseanna le haghaidh nuálaíochta agus méadú ar tháirgeadh, ag tacú ag an am céanna le cearta sóisialta láidre agus le dálaí córa oibre. Tá sé cruthaithe gur uirlis chumhachtach é maidir le slabhraí soláthair athléimneacha a fhorbairt, agus soláthraítear leis luamhán geopholaitiúil nuair is gá.**

Tá aghaidh tugtha ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit ar bhacainní ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair. In 2023, tríd an **Tascfhórsa um Fhorfheidhmiú an Mhargaidh Aonair (SMET)**, gheall na Ballstáit deireadh a chur le 301 réamhsheiceáil le haghaidh gairmeacha i gcás nach raibh siad comhréireach. Rinne SMET 170 bac a bhaineann le próisis le haghaidh tionscadail fuinnimh gaoithe agus gréine a scagadh freisin, ag geallfadh go mbainfidh siad leath díobh. Sáraíodh an cuspóir sin cheana féin, agus aghaidh tugtha ar 60 % de na bacainní deimhnithe. Bunaithe ar fhianaise ó **líonra SOLVIT**, seoladh tionscadal lena dtéitear i ngleic le hidirdhealú a bhaineann le IBAN sa Mhargadh Aonair san earnáil phoiblí agus sa teileachumarsáid in 2023.

Thar an sainordú sin, rinne an Coimisiún gníomhaíocht phras forfheidhmiúcháin nuair a bhí croíphrionsabail na saor-rochtana ar mhargaí i gceist nó nuair a tháinig cleachtais idirdhealaitheacha i gcoinne oibreoirí nach náisiúnaigh iad chun cinn. D'oibrigh an Coimisiún go háirithe chun dul i ngleic le sáruithe ar rialacha an Aontais maidir le soláthar poiblí agus íocaíochtaí déanacha, chun trédhearcacht agus éifeachtúlacht a áirithiú i margaí a dtacaíonn an soláthar poiblí leo, agus chun leasanna FBManna a chosaint. Treisíodh uirlisí coisctheacha amhail an Treoir maidir le Trédhearcacht an Mhargaidh Aonair agus an measúnú ex ante ar shrianta nua i rialáil náisiúnta seirbhísí gairmiúla.

Leagtar amach sa Teachtaireacht maidir leis an Margadh Aonair ag 30 spriocanna agus tionscnaimh nithiúla le haghaidh comhair idir an Coimisiún agus na Ballstáit maidir le rialacha atá ann cheana a fhorfheidhmiú agus deireadh a chur le bacainní náisiúnta, mar shampla san earnáil seirbhísí. Leag an Coimisiún sprioc síos chun an t-easnamh comhréireachta a laghdú go 0.5 % (i.e. uaschéatadán na dTreoracha a trasuíodh go mícheart). Tháinig feabhas 1.2 % ar an ráta iarbhír in 2023 (féach PTF 2), agus leanfaidh an Coimisiún ag obair leis na Ballstáit chun an cuspóir sin a bhaint amach, toisc go bhféadfaí **fás suntasach breise**[5] a bhaint amach trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní náisiúnta, go háirithe trí **rialacha comhaontaithe a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr**

[5] 'Mapping the Cost of Non-Europe 2019-24, Study of the European Parliamentary Research Service, 2019' [Costas na Neamh-Eorpa a mhapáil 2019-24, Staidéar ar Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa, 2019] (a luaitear freisin sa Mhargadh Aonair ag 30 Teachtaireacht).
https://www.europarl.europa.eu/thinktank/en/document/EPRS_STU(2019)631745

*Ualach rialála agus simpliú*

| PTF | Tuairisc | Sprioc | Luach is déanaí an |
|---|---|---|---|
| PTF 17: Chomh héasca agus atá comhlíonadh rialála (Ualach rialacháin rialtais) | Tuiscint an lucht gnó trí fhreagra a thabhairt ar an gceist: 'I do thír féin, cé chomh héasca agus atá sé do chuideachtaí ceanglais rialacháin agus riaracháin rialtais a chomhlíonadh (e.g. ceadanna, tuairisciú, reachtaíocht)? (1 = Thar a bheith casta; 7 = Fíor-éasca)' sa suirbhé le haghaidh Innéacs Iomaíochais Dhomhanda an Fhóraim Eacnamaíoch Dhomhanda. | Méadú | 3.80 (2022)<br>3.64 (2021) |

Thosaigh ualaí rialála ag laghdú san Aontas (féach PTF 17), go háirithe mar gheall ar iarrachtaí ar leibhéal an Aontais. In 2022, cruthaíodh EUR 7.3 billiún níos mó i gcoigilteas riaracháin ná i gcostais mar thoradh ar thograí an Choimisiúin[7]. I mí an Mhárta 2023, mhol an Coimisiún foirmiúlachtaí a shimpliú do chuideachtaí a oibríonn i roinnt Ballstát agus an úsáid a bhaintear as uirlisí digiteacha agus próisis dhigiteacha i **ndlí na gcuideachtaí**[8] a uasghrádú.

Chuir an Coimisiún síneadh freisin le cur chun feidhme[9] na **Tairsí Aonair Digití**[10], tionscnamh suaitheanta ríomhsheirbhísí rialtais an Aontais. Go sonrach, ó mhí na Nollag 2023 i leith, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit rochtain ar líne a sholáthar, d'úsáideoirí náisiúnta agus d'usáideoirí trasteorann, do 21 chineál nós imeachta tábhachtach[11]. Leis an gcóras **Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI)**, nasctar 12,000 údarás agus éascaítear malartuithe le haghaidh 35,000 úsáideoir cláraithe ar 20 réimse beartais agus i dteangacha uile an Aontais. Leis an tairseach Dearbhaithe Postála Iompar ar Bhóthar[12], atá nasctha le córas IMI, féadfaidh an earnáil iompair de bhóthar dearbhú aonfhoirmeach postála tiománaí amháin a chur isteach go digiteach. Ó bhí mí Feabhra 2022 go mí na Nollag 2023 ann, tá 33 mhilliún dearbhú postála curtha isteach tríd an tairseach. Tháinig an Coimisiún ar chomhaontú le déanaí maidir le teimpléad leictreonach deonach le haghaidh dearbhuithe maidir le postú oibrithe le líon suntasach Ballstát agus tá sé ag obair ar thairseach ilteangach le haghaidh tíolacthaí den sórt sin. Leis an **nGníomh um Eoraip Idir-inoibritheach**[13], bunaítear sásra comhair struchtúrtha idir na Ballstáit agus Institiúidí an Aontais lena laghdaítear bacainní ar sheirbhísí poiblí digiteacha trasteorann agus trasearnála[14].

Tá an cur chuige 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach' curtha chun feidhme ag an gCoimisiún, agus tá an tseiceáil éigeantach iomaíochais tugtha isteach aige agus rinne sé an tástáil FBM a neartú chun grinnscrúdú a dhéanamh ar thograí nua. Tá dul chun cinn á dhéanamh

[6] Is iad na sonraí a úsáidtear na cinn a bhí ar fáil i mí na Nollag 2023. In Iarscríbhinn 1 'Forléargas ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) maidir le hiomaíochas fadtéarmach' in SWD(2024) 78, tugtar faisnéis maidir le treochtaí níos faide

[7] Suirbhé Bliantúil ar Ualach 2022, https://commission.europa.eu/system/files/2023-09/ABS_20230912_0.pdf

[8] Togra le haghaidh Treoir chun an úsáid a bhaintear as uirlisí agus próisis dhigiteacha i ndlí na gcuideachtaí a leathnú agus a uasghrádú tuilleadh - gach doiciméad - An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

[9] COM (2023) 534

[10] https://single-market-economy.ec.europa.eu/single-market/single-digital-gateway_en

[11] Iarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2018/1724.

[12] https://www.postingdeclaration.eu/landing.

[13] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/IP_23_5730

[14] https://commission.europa.eu/document/download/7ad24728-71d5-4148-a6a6-2af7551726fe_en?filename=Communication Interoperable Europe Act

aige freisin i dtreo na sprice an t-ualach ó **cheanglais tuairiscithe a laghdú 25 %.** Cuireadh an chéad sraith de 41 tionscnamh chun na hualaí sin a laghdú i láthair i gclár oibre 2024 ón gCoimisiún[15]. Mar shampla, meastar go mbeidh thart ar EUR 2 bhilliún de choigilteas costais mar thoradh ar athchóiriú Chód Custaim an Aontais. Sábhálfar EUR 450 milliún eile leis an athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Staidreamh Eorpach[16].

Thairis sin, seoladh glao ar fhianaise an 17 Deireadh Fómhair 2023 agus leis an ionchur ó pháirtithe leasmhara cuirfear le hullmhú pleananna cuíchóirithe ag ranna uile an Choimisiúin. Soláthrófar tuilleadh ionchuir in 2024 ón Ardán 'Réidh don Todhchaí', le moltaí ó na Ballstáit agus ó pháirtithe leasmhara maidir le simpliú agus laghdú ualaigh, lena n-áirítear maidir le hoibleagáidí tuairiscithe[17]. Tuairisceofar an dul chun cinn leis an Suirbhé Bliantúil ar Ualach atá le teacht

Go ginearálta, le hiarrachtaí ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, éilítear cur chun feidhme na reachtaíochta comhaontaithe a shimpliú tuilleadh, agus aird ar leith á tabhairt ar 'rórialáil' gan údar maith agus aghaidh á tabhairt ar thionchair charnacha agus ar uainiú na reachtaíochta cur chun feidhme. Chuideodh sé sin le costais chomhlíontachta a laghdú agus le hinfheictheacht níos fearr le haghaidh chinntí infheistíochta a áirithiú.

*Margadh Aonair nuachóirithe*

Tá roinnt beart glactha ag an Aontas chun cuidiú le tomhaltóirí tairbhe a bhaint as an Margadh Aonair. Mar shampla, tá saol na milliún Eorpach á shimpliú cheana féin leis an tionscnamh muirearaithe comhchoiteann. Leis na hiarrachtaí maidir le haghaidh a thabhairt ar éilimh ghlasa neamhdhlisteanacha nó ar thionscnaimh maidir leis an gceart chun deisiúcháin, cuirtear freisin le srianta do shaoránaigh a mhaolú agus le geilleagar níos glaise a chur chun cinn.

Glacadh céimeanna rialála cinntitheacha chun Margadh Aonair a fhorbairt san earnáil dhigiteach, lena soláthraítear sraith aonfhoirmeach rialacha do ghnólachtaí lena bhfeidhmiú ar fud an Aontais: an **Gníomh um Margaí Digiteacha**[18] chun cosc a chur ar ardáin geatóirí coinníollacha éagóracha a fhorchur ar ghnólachtaí agus ar thomhaltóirí; an **Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha**[19] lena áirithiú go bhfuil an méid atá neamhdhleathach as líne neamhdhleathach ar líne freisin, an **Gníomh um Rialachas Sonraí**[20] chun infhaighteacht sonraí agus muinín i gcomhroinnt sonraí a mhéadú agus chun bacainní teicniúla ar athúsáid sonraí a shárú; an **Gníomh um Shonraí[21]** chun rialacha maidir le rochtain chothrom ar shonraí a chomhchuibhiú;

[15] 2024 Clár oibre an Choimisiúin - an Coimisiún Eorpach (europa.eu)
[16] https://commission.europa.eu/system/files/2023-10/Factsheet_CWP_Burdens_10.pdf
[17] Baineann trí thuairim as na hocht dtuairim atá beartaithe do 2024 le hoibleagáidí tuairiscithe, lena gcumhdaítear tuairisciú inbhuanaitheachta a uathoibriú; gníomhaíochtaí agus modheolaíocht chun carnadh oibleagáidí neamhriachtanacha tuairiscithe a sheachaint; agus maidir leis an Rialachán maidir le Nochtadh Airgeadais Inbhuanaithe.
[18] Rialachán (AE) 2022/1925
[19] Rialachán (AE) 2022/2065
[20] Rialachán (AE) 2022/868
[21] An Gníomh um Shonraí | Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú (europa.eu)

agus an **Gníomh um Intleacht Shaorga** chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar agus an bealach a réiteach don nuálaíocht san intleacht shaorga iontaofa[22].

Ina theannta sin, mar fhreagairt ar an gcur isteach ar an Margadh Aonair de bharr fhrithbearta COVID-19, áiritheofar leis an Ionstraim Éigeandála um an Margadh Inmheánach (SMEI)[23] a athainmníodh mar an **Gníomh um Éigeandáil agus Athléimneacht an Mhargaidh Inmheánaigh (IMERA)**[24] go leanfaidh an Margadh Aonair de bheith ag feidhmiú agus ag tacú le saoránaigh agus le gnólachtaí i gcásanna criticiúla.

[22] https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/regulatory-framework-ai
[23] Ionstraim éigeandála don mhargadh aonair - Tháinig Comhreachtóirí an Choimisiúin Eorpaigh (europa.eu) ar chomhaontú an 1 Feabhra 2024, agus táthar ag súil go nglacfar SMEI le linn an reachtais sin.
[24] SMEI / IMERA: Rinne an Chomhairle agus an Pharlaimint margadh sealadach maidir le hullmhacht i gcomhair géarchéimeanna - Consilium (europa.eu)

*Fiontair bheaga agus mheánmhéide agus fiontair mheánchaipitlithe bheaga*

Is é is cuspóir don Phacáiste Fóirithinte[25] do deis a thabhairt do FBManna dul san iomaíocht agus fás. Mar a léiríodh i staidéar a rinne an Coimisiún le déanaí[26], tá ról ríthábhachtach ag na cuideachtaí atá ag sárú an tsainmhínithe ar FBManna – na fiontair mheánchaipitlithe bheaga mar a thugtar orthu - i ngeilleagar an Aontais, a mbaineann 6 % den fhostaíocht fhoriomlán leo. Tá siad an-fheiceálach in éiceachórais thionsclaíocha atá ríthábhachtach d'iomaíochas agus do cheannasacht theicneolaíoch an Aontais, amhail leictreonaic, an t-aeraspás agus cosaint, fuinneamh, tionscail atá dian ar fhuinneamh agus an tsláinte. Bhí thart ar 20 % de na fiontair mheánchaipitlithe bheaga go léir ina FBManna trí bliana roimhe sin[27]. I gcomparáid le FBManna, is gnách go léiríonn fiontair mheánchaipitlithe bheaga luas níos airde fáis, leibhéal níos airde nuálaíochta agus digitithe, ach tá dúshláin áirithe den chineál céanna rompu fós amhail ualach riaracháin, lena n-áirítear an gá le níos mó comhréireachta i reachtaíocht nua agus le haghaidh tacaíocht spriocdhírithe. Chun aistriú rianúil FBManna go fiontair mheánchaipitlithe bheaga a éascú, tá sé tábhachtach go dtabharfar aghaidh ar na dúshláin sin ar bhealach comhleanúnach.

Úsáidtear sainmhíniú ar fhiontair mheánchaipitlithe bheaga cheana féin faoi Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine[28] agus faoin Treoir maidir le Maoiniú Riosca[29]. Ar bhonn an tsainmhínithe sin, déanfaidh an Coimisiún faireachán ar na torthaí d'fhiontair bheaga agus d'fhiontair mheánchaipitlithe bheaga araon faoi chláir airgeadais ábhartha agus gníomhóidh sé chun rannpháirtíocht na gcuideachtaí sin a fheabhsú, i gcás inarb ábhartha. Ina theannta sin, forbróidh sé tacar sonraí níos leithne maidir le fiontair mheánchaipitlithe bheaga agus neartóidh sé a mheastóireacht ar bhacainní lena gcuirtear bac ar fhás agus ar aistriú fiontair mheánmhéide go fiontair mheánchaipitlithe bheaga, agus tuairimí an líonra FBManna agus páirtithe leasmhara eile á gcur san áireamh. Cuirfear bonn eolais leis sin faoi chinntí amach anseo maidir leis an mbealach is fearr chun sainmhíniú comhchuibhithe ar fiontar meánchaipitlithe beag a bhunú chun críocha cothrománacha, agus chun réimsí a shainaithint ina bhfuil sé ábhartha bearta comhréireacha rialála, maoiniúcháin nó beartais a cheapadh.

*Méadú*

I mí na Nollag 2023, réitigh an Chomhairle Eorpach an bealach maidir le méadú a dhéanamh ar an A**ontas Eorpach, agus, dá bhrí sin, méadú a dhéanamh ar an Margadh Aonair[30]**. Tá an Coimisiún ag gníomhú cheana féin chun tíortha is iarrthóirí a chomhtháthú sa Mhargadh Aonair trína ndul chun cinn maidir le hailíniú le dlí an Aontais a sheiceáil, trí chuidiú leo na

---

[25] Pacáiste Fóirithinte do FBManna (europa.eu). Féach freisin iarscríbhinn 3A a ghabhann leis an tuarascáil seo - rianaire beartais an phacáiste fóirithinte do FBManna.

[26] Study to map, measure and portray the EU mid-cap landscape, 2022 [Staidéar chun tírdhreach na bhfiontar meánchaipitlithe san Aontas a mhapáil, a thomhas agus a léiriú, 2022] - https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/ad5fdad5-6a33-11ed-b14f-01aa75ed71a1/language-en/format-PDF/source-277396461

[27] https://www.esri.ie/system/files/publications/BKMNEXT429.pdf

[28] https://eur-lex.europa.eu/EN/legal-content/summary/general-block-exemption-regulation.html

[29] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv%3AOJ.C_.2021.508.01.0001.01.ENG&toc=OJ%3AC%3A2021%3A508%3ATOC

[30] Chinn an Chomhairle Eorpach tús a chur le hidirbheartaíocht leis an Úcráin agus le Poblacht na Moldóive, idirbheartaíocht aontachais a oscailt leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin a luaithe a bhainfear an méid comhlíonta is gá amach, agus stádas tíre is iarrthóir a thabhairt don tSeoirsia: europeancouncilconclusions-14-15-12-2023-en.pdf (europa.eu).

hathchóirithe polaitiúla agus eacnamaíocha is gá (agus is minic a bhíonn siad substaintiúil) a dhéanamh, agus trína n-ullmhú do na cearta agus na hoibleagáidí a bhaineann le ballraíocht a ghlacadh san Aontas. Tá formhór na dtíortha is iarrthóirí comhlachaithe leis an gClár don Mhargadh Aonair agus leis an gClár don Eoraip Dhigiteach anois. Comhaontaíodh treochláir maidir le cur chun feidhme feabhsaithe na Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála leis an Úcráin agus leis an Mholdóiv do 2023-2024 i bhfianaise rochtain bhreise a thabhairt do na tíortha sin ar Mhargadh Aonair an Aontais.

Éilítear leis an Margadh Aonair úinéireacht pholaitiúil agus ba cheart iarracht chomhchoiteann a bheith i gceist leis, i gcomhpháirt leis na gníomhaithe go léir agus sna réimsí beartais go léir.

Agus leas á bhaint as an dul chun cinn a baineadh amach faoin sainordú sin, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit leanúint den mhargadh aonair a chur i gcrích agus a nuachóiriú, go háirithe trí chur chun feidhme ceart agus forfheidhmiú láidir dhlí an Aontais ar an leibhéal náisiúnta a mhéadú, lena n-áirítear i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le 'rórialáil'. Chun na spriocanna sin a bhaint amach, leanann an Coimisiún ag tacú le hOifigí tiomnaithe náisiúnta an Mhargaidh Aonair a bhunú, agus ceannaireacht shinsearach agus na hacmhainní riachtanacha á n-áirithiú ag na Ballstáit. D'fhéadfadh na hoifigí sin, a chuirfeadh leis na huirlisí comhoibritheacha eile, cuidiú go háirithe le dul i ngleic leis na bacainní atá fágtha maidir le seirbhísí.

Ba cheart cur chun feidhme rialacha an Mhargaidh Aonair a chuíchóiriú, agus uirlisí coisctheacha, comhoibríocha agus feabhais á gcur le chéile. Ba cheart do na Ballstáit na spriocanna nithiúla maidir le comhréireacht agus trasuí na dTreoracha a bhaint amach. Is féidir leis an líonra SOLVIT, a oibríonn laistigh de SMET agus Oifigí tiomnaithe an Mhargaidh Aonair cuidiú le níos mó bacainní ar an Margadh Aonair a réiteach, lena n-áirítear maidir le seirbhísí. Chun é sin a dhéanamh, ba cheart acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh ar an obair sin.

Ba cheart go dtabharfaí tús áite do laghdú ar an ualach rialála ar gach leibhéal i gcónaí. Ba cheart athchóirithe rialála agus ionstraimí tacaíochta a dhíriú go háirithe ar FBManna agus ar fhiontair mheánchaipitlithe bheaga.

I gcomhthráth leis sin, ba cheart leanúint leis an ullmhúchán agus leis na hathchóirithe is gá chun comhtháthú comhthairbheach thíortha an mhéadaithe i slabhraí soláthair na hEorpa a áirithiú.

## 2. Rochtain ar chaipiteal príobháideach agus ar infheistíocht phríobháideach

| PTF | Tuairisc | Sprioc | Luach is déanaí an Aontais[31] |
|---|---|---|---|
| PTF 3: Infheistíocht phríobháideach mar chuid de OTI | Tá baint dhíreach ag infheistíocht phríobháideach leis an éascaíocht rochtana ar chaipiteal príobháideach. | Méadú | 19.3 % (2022)<br>18.7 % (2021) |

[31] Is iad na sonraí na cinn a bhí ar fáil i mí na Nollag 2023. In Iarscríbhinn 1 'Forléargas ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) maidir le hiomaíochas fadtéarmach' in SWD(2024) 78, tugtar faisnéis maidir le treochtaí níos faide.

| | | | |
|---|---|---|---|
| PTF 4: Infheistíochtaí caipitil fiontair mar sciar den OTI | Is táscaire maith é an dul chun cinn sa réimse seo ar an dul chun cinn maidir le rochtain ar chaipiteal príobháideach go ginearálta. | Méadú | 0.09 % (2022)<br>0.11 % (2021) |

**Tá infheistíocht phríobháideach san Aontas ag déanamh go maith ó bhí an ghéarchéim airgeadais ann i gcomparáid le himreoirí idirnáisiúnta eile. Tá sé riachtanach go ndéanfaí Aontas na Margaí Caipitil (CMU) a neartú chun infheistíocht phríobháideach a scaoileadh agus chun cur le hiomaíochas an Aontais Eorpaigh. Na hinfheistíochtaí is gá chun dlús a chur leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, athléimneacht a fheabhsú agus iomaíochas an Aontais a threisiú, ní foláir nó go dtiocfaidh siad ón earnáil phríobháideach go príomha.**

Sa sainordú sin, de na 16 ghníomhaíocht de phlean gníomhaíochta CMU 2020 a mhol an Coimisiún, tá beagnach gach ceann acu glactha nó comhaontaithe go polaitiúil. Mar sin féin, d'ainneoin na gcoinníollacha feabhsaithe i margaí caipitil an Aontais, ní chríochnófar Aontas na Margaí Caipitil leis na bearta sin amháin agus ní leor fós an infhaighteacht caipitil riosca, amhail caipiteal fiontair, chun cuideachtaí nuálacha a mhéadú agus chun fás amach anseo a mhaoiniú.

Le rialachán Tacsanomaíochta an Aontais, cuirfear feabhas ar mhaoiniú gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus cuirfear borradh faoin aistriú glas.

Rinneadh géarú **choinníollacha maoiniúcháin** in 2023, rud a chruthaigh timpeallacht infheistíochta níos dúshlánaí. Tháinig méadú tobann ar na rátaí úis sa limistéar euro, agus d'éirigh caighdeáin iasachta d'iasachtaí nua nó do línte creidmheasa níos déine agus níos éagsúla ar fud an limistéir euro[32]. Tuairiscíonn BEI[33] infhaighteacht an mhaoiniúcháin sin mar bhac infheistíochta do 44 % de ghnólachtaí an Aontais.

Ní leor fós méid agus doimhneacht reatha **mhargaí caipitil an Aontais** chun tacú le fás an Aontais amach anseo. Cuideoidh Aontas na Margaí Caipitil a bheidh níos doimhne le níos mó coigiltis agus acmhainneacht infheistíochta a shlógadh chun an fíorgheilleagar a mhaoiniú, na costais a bhaineann le hiasacht a fháil agus infheistíochtaí sa Mhargadh Aonair a éascú, agus tá siad uile fíor-riachtanach chun go n-éireoidh leis an dá aistriú.

Tá infhaighteacht an chaipitil riosca (go háirithe chun gnólachtaí a mhéadú) á ceansú i gcónaí. Tá caipitliú stocmhargadh an Aontais, i gcéatadán OTI, **níos lú ná leath** de chaipitliú stocmhargadh na Stát Aontaithe (d'ainneoin coigilteas níos airde san Aontas) agus níos ísle ná mar atá sa tSeapáin, sa tSín nó sa Ríocht Aontaithe. Tá cothromas príobháideach agus infheistíocht caipitil fiontair i ngnólachtaí teicneolaíochta digití agus glaise ag méadú go leanúnach ó bhí 2016 ann[34]. Bhí an **caipiteal fiontair** ag 0.09 % den OTI in 2022 (féach PTF 4), dhá oiread an leibhéil a bhí ann in 2018 (0.04 %), ach bhí sé ní b'ísle bliain ar bhliain agus ní raibh ann fós ach píosa beag bídeach den leibhéal i Stáit Aontaithe Mheiriceá (0.75 %) agus sa tSín (0.58 %).

[32] Féach mar shampla an Moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, COM(2023) 903 final.
[33] Suirbhé Infheistíochta BEI 2023: Forléargas an Aontais Eorpaigh.
[34] Faireachán Eorpach na nÉiceachóras Tionsclaíoch (IEA) SWD(2024) 77.

Is ionann líon **an Aontais de chuideachtaí atá i mbun fáis agus** 38% de líon na Stát Aontaithe, cé go bhfuil an bhearna sin ag laghdú. Chun go gcuirfear feabhas an gcás ar bhonn leanúnach, sheol grúpa BEI agus cúig Bhallstát Tionscnamh na gCeannródaithe Teicneolaíochta Eorpacha (ETCI)[35], struchtúr ciste de chistí a dhéanann infheistíochtaí i gcistí caipitil fiontair ar mhórscála do chuideachtaí nuálacha an Aontais. Comhlánaítear leis an ngníomhaíocht sin deiseanna maoiniúcháin arna dtionscnamh ó InvestEU do bhainisteoirí cistí caipitil fiontair i gcéim níos déanaí amhail caipiteal Gníomhaíochta an Aontais um Méadu le haghaidh Caipiteal riosca, tionscnamh ciste Euipo.

Tá margaí caipitil níos doimhne agus níos comhtháite ríthábhachtach chun cuideachtaí an Aontais a mhaoiniú agus chun tacú leis an aistriú i dtreo geilleagar digiteach agus inbhuanaithe. Le cur chun feidhme bhearta phlean gníomhaíochta Aontas na Margaí Caipitil 2020, imreofar tionchar dearfach ar fhás mhargaí caipitil an Aontais, feabhsófar rochtain ar fhoinsí maoiniúcháin margadhbhunaithe do chuideachtaí an Aontais agus beidh sé níos éasca agus níos tarraingtí infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí an Aontais.

Tá sé ríthábhachtach go leanfaidh na Ballstáit, na páirtithe leasmhara príobháideacha agus institiúidí an Aontais orthu ag obair le chéile ar Aontas na Margaí Caipitil, lena n-áirítear trí chomhthiomsuithe níos mó de chaipiteal príobháideach, amhail cistí pinsin, a áirithiú. Go sonrach, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit tuilleadh iarrachtaí a chur chun cinn maidir le rochtain dhíreach corparáidí agus daoine eile ar mhargaí caipitil a mhéadú, rud a éascóidh soláthar caipitil riosca agus fiontair san Aontas, chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus chun uas-scálú cuideachtaí san Eoraip a éascú.

## 3. Infheistíocht phoiblí agus bonneagar poiblí

| PTF | Tuairisc | Sprioc | Luach is déanaí an |
|---|---|---|---|
| PTF 5: Infheistíocht phoiblí mar sciar de OTI | Tá ról lárnach ag an infheistíocht phoiblí i bhforbairt agus coinneáil ar bun na mbonneagar tacaíochta gnó amhail fuinneamh, iompar nó nascacht dhigiteach. | Méadú | 3.2 % (2022)<br>3.2 % (2021) |

**Thearnaigh an infheistíocht phoiblí ó na leibhéil ísle i nidiaidh na géarchéime airgeadais. Chuidigh cistí Beartas Comhtháthaithe an Aontais, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) agus cláir eile leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach a mhaoiniú agus cothroime iomaíochta á gcoinneáil agus cóineasú á chur chun cinn ar fud an Mhargaidh Aonair. Mar sin féin, tá gá le hinfheistíocht phoiblí mhéadaithe agus níos straitéisí, lena n-áirítear trí ionstraimí níos nuálaí a chuidíonn le hinfheistíochtaí príobháideacha a dhí-rioscú, chun maoiniú príobháideach a ghiaráil agus an EUR 650**


[35] An 13 Feabhra 2023, ó Ghrúpa BEI ar dtús, le ranníocaíochtaí ón nGearmáin, ón bhFrainc, ón Spáinn, ón Iodáil agus ón mBeilg.

[36] Is iad na sonraí na cinn a bhí ar fáil i mí na Nollag 2023. In Iarscríbhinn 1 'Forléargas ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) maidir le hiomaíochas fadtéarmach' in SWD(2024) 78, tugtar faisnéis maidir le treochtaí níos faide.

**billiún[37] a theastaíonn go bliantúil don dá aistriú agus d'athléimneacht eacnamaíoch na hEorpa a sheachadadh.**

Tá infheistíochtaí poiblí, ag 3.3 % den OTI, díreach chun tosaigh ar na hinfheistíochtaí caipitil sa Ríocht Aontaithe (3.3 %) agus beagán taobh thiar de na cinn i Stáit Aontaithe Mheiriceá (3.6 %). Cé go maoineofar formhór na riachtanas infheistíochta don dá aistriú ó chistí príobháideacha, tá ról na n-infheistíochtaí poiblí fós lárnach, mar shampla le húsáid spriocdhírithe táirgí airgeadais agus cumasc foinsí airgeadais chun infheistíochtaí príobháideacha a thionscnamh agus a dhí-rioscú, na hinfheistíochtaí sa bhonneagar a scaoileadh agus tacú le tionscadail i réimsí leasanna slándála eacnamaíocha i gcás ina bhféadfadh infheistíochtaí príobháideacha a bheith in easnamh. Tá maoiniú ón Aontas fós riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais mhaoiniúcháin agus ilroinnt an Mhargaidh Aonair mar gheall ar leibhéil éagsúla de thacaíocht náisiúnta (shealadach) Státchabhrach á seachaint, agus chun éagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú.

*Figiúir 2: Infheistíocht phoiblí*




Foinse: An Coimisiún Eorpach, bunachar sonraí bliantúil maicreacnamaíoch (Ameco)

Ó bhí 2021 ann, tá os cionn EUR 222 bhilliún íoctha amach ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus eisíocadh ó chistí an Bheartais Chomhtháthaithe EUR 192 bhilliún sa tréimhse 2021-2024[38] Le InvestEU, soláthraíodh EUR 13.44 bhilliún i ráthaíochtaí an Aontais agus le Fís Eorpach, slógadh os cionn EUR 24 bhilliún don eolaíocht agus don nuálaíocht.

[37] The overall additional investment needs to meet the objectives of the twin transitions have been estimated at around EUR 650 billion annually for 2022 to 2030. https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/strategic-planning/strategic-foresight/2022-strategic-foresight-report_en#:~:text=It%20is%20estimated%2C%20at%20lower,regions%20in%20Europe%20and%20beyond. https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/qanda_23_3194

[38] An Tairseach Sonraí Oscailte le haghaidh Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa – An Coimisiún Eorpach | Sonraí | Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa europa.eu)

Tá ról fíor-riachtanach ag ionstraimí níos spriocdhírithe do phríomhearnálacha freisin trí mheascán de ghníomhaíocht rialála agus, nuair atá siad ar fáil, trí úsáid a bhaint as cistí an Aontais nó as cistí náisiúnta. Neartaítear leis an **nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta**[39], leis an **gGníomh um Shliseanna** agus leis an **nGíomh um Amhábhair Chriticiúla** cumas monaraíochta intíre an Aontais agus spreagtar gnólachtaí leo chun leas a bhaint as acmhainneacht an Mhargaidh Aonair. Tacóidh an Gníomh Eorpach um Shliseanna, trí EUR 3.3 billiún ó bhuiséad an Aontais, le hinfheistíocht gar do EUR 43 bhilliún beagnach. Fógraíodh EUR 100 billiún d'infheistíocht phoiblí agus phríobháideach feadh shlabhra soláthair na Sliseanna. Le comhghuaillíochtaí tionsclaíocha[40], amhail an Chomhghuaillíocht um Chógais Leighis Chriticiúla a seoladh le déanaí, éascaítear comhar níos láidre feadh na slabhraí soláthair i bpríomhtheicneolaíochtaí, rud a chuireann le hiomaíochas an Aontais.

Leis an gClár Oibre Nua Eorpach um Nuálaíocht (NEIA)[41], soláthraítear treoir chriticiúil agus bearta tacaíochta chun rochtain ar mhaoiniú a éascú, chun nuálaíocht a chur chun cinn trí bhinsí tástála rialála agus boscaí gainimh, soláthar nuálach agus forbairt tallainne.

Tacaíonn na **Tionscadail Thábhachtacha ar Mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne** (IPCEInna) le nuálaíochtaí ceannródaíocha nó le tionscadail bhonneagair i réimsí teicneolaíochtaí criticiúla. Go dtí seo, formheasadh seacht IPCEI comhtháite[42], dar luach EUR 27.9 billiún de thacaíocht phoiblí náisiúnta, lena scaoiltear níos mó ná EUR 50 billiún d'infheistíochtaí príobháideacha.

Tacaíonn an '**Ciste don Nuálaíocht',arna mhaoiniú trí ioncam ó Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais,** le nuálaíocht cuideachtaí atá i mbun fáis i dteicneolaíochtaí glan-nialasachta i dtreo aibíocht iomlán theicneolaíoch agus tráchtála agus tá sé á úsáid anois mar phríomhionstraim phoiblí chun an straitéis thionsclaíoch maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip a imscaradh. I bhfianaise a chuid ratha agus an ró-shuibscríofa glaonna ar thograí ar mhórscála, féachfaidh an Coimisiún leis an mbuiséad faoin gCiste don Nuálaíocht a uasmhéadú trí cheangaltais na gcistí atá ar fáil a chur chun tosaigh.

Tacóidh an '**tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip**' (STEP)[43] le hinfheistíochtaí maidir le teicneolaíochtaí criticiúla a fhorbairt agus a mhonarú, in earnálacha na teicneolaíochta glaine, na teicneolaíochta digití, na nuálaíochta domhainteicneolaíochta, agus na biteicneolaíochta. Seolfar maoiniú le STEP faoi chláir atá ann cheana agus tacóidh sé le tionscnóirí tionscadail trí Thairseach Ceannasachta atá le teacht. D'fhéadfadh acmhainneacht infheistíochta an tionscnaimh sin na scórtha billiún euro a shroicheadh, ag brath ar chinntí athchláraithe na mBallstát.

Is féidir níos mó a dhéanamh freisin trí **sholáthar poiblí** straitéiseach, a bhfuil thart ar 14 % de OTI an Aontais i gceist leis. Ní chuirtear gnéithe comhshaoil, sóisialta agus nuálacha san

[39] An Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta (europa.eu).
[40] Comhghuaillíochtaí tionsclaíocha - An Coimisiún Eorpach europa.eu)
[41] https://research-and-innovation.ec.europa.eu/strategy/support-policy-making/shaping-eu-research-and-innovation-policy/new-european-innovation-agenda_en
[42] Dá cheann i gceallraí, dhá cheann i leathsheoltóirí, dhá cheann in éiceachórais hidrigine agus ceann amháin i dteicneolaíochtaí néalríomhaireachta agus imeall-ríomhaireachta. Féach freisin Iarscríbhinn 2 in SWD(2024) 78.
[43] COM(2023) 335 final.

áireamh go leordhóthanach i dtairiscintí poiblí i láthair na huaire[44]. Le tionscnaimh nua, amhail an Gníomh um an Thionscal Glan-nialasachta[45] tugtar isteach inbhuanaitheacht chomhshaoil agus shóisialta, chomh maith le critéir athléimneachta sa soláthar poiblí. Ba cheart go spreagfaí leis sin spleáchas níos mó ar ghnéithe neamhphraghais maidir le soláthar earraí agus seirbhísí i gcoitinne.

Ba cheart infheistíocht phoiblí leanúnach i bpríomhréimsí tosaíochta sna Ballstáit uile a bheith ag gabháil le neartú breise an Mhargaidh Aonair, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach tríd an mBeartas Comhtháthaithe, chun fás comhtháite, iomaíochas agus athléimneacht a áirithiú, agus ilroinnt an Mhargaidh Aonair á seachaint.

Chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a mhaoiniú, teastaíonn meascán straitéiseach uirlisí. Éilítear leis sin úsáid mhéadaithe agus úsáid níos nuálaí a bhaint as foinsí maoiniúcháin ar an leibhéal Eorpach, chun infheistíochtaí príobháideacha a thionscnamh agus a dhí-rioscú. Ba cheart soláthar poiblí a úsáid chun inbhuanaitheacht, athléimneacht, nuálaíocht agus cleachtais atá freagrach go sóisialta a spreagadh agus luach saothair a thabhairt ina leith.

## 4. Taighde agus Nuálaíocht

| PTF | Tuairisc | Sprioc | Luach is déanaí an |
|---|---|---|---|
| PTF 6: Caiteachas T&F mar chéatadán den OTI | An caiteachas iomlán ar T&F (idir phoiblí agus phríobháideach). | >3 %<br>i ndiaidh 2030 | 2.2 % (2021)<br>2.3 % (2020) |
| PTF 7: Líon na n-iarratas ar phaitinní in aghaidh an mhilliúin áitritheoir | Léirítear le Paitinní cumas geilleagair chun leas a bhaint as eolas agus léirítear leo an cumas iomaíochta is féidir a fháil trí nuálaíocht. | Méadú | EPO-AE:<br>151.1 (2022)<br>151.75 (2021) |

**Is fathach mór eolaíochta í an Eoraip ina soláthraítear an cúigiú cuid den 10 % is airde de na foilseacháin eolaíocha is mó a luaitear. Mar sin féin, ní i gcónaí a thagannceannaireacht tráchtála as sin (féach PTF 7) , mar gheall ar na deacrachtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí gnó a mhéadú san Aontas go minic. Teastaíonn níos mó iarrachtaí chun tacú le hiarrachtaí na hEorpa ón tsaotharlann go dtí an déantúsaíocht, amhail iarrachtaí atá á ndéanamh i gcomhair leathsheoltóirí tríd an nGníomh Eorpach um Shliseanna, comhoibriú taighde a éascú agus tacaíocht a sholáthar tríd an gclár Fís Eorpach nó tríd an gClár don Eoraip Dhigiteach.**

[44] https://www.eca.europa.eu/en/publications/SR-2023-28. Leis an treoir 'Buying Social' [Ceannach Sóisialta] 2021 arna eisiúint ag an gCoimisiún Eorpach, féadfar tacú le riaracháin phoiblí le critéir den sórt sin a chur chun feidhme, https://ec.europa.eu/docsroom/documents/45767
[45] https://single-market-economy.ec.europa.eu/industry/sustainability/net-zero-industry-act_en.
[46] Is iad na sonraí na cinn a bhí ar fáil i mí na Nollag 2023. In Iarscríbhinn 1 'Forléargas ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) maidir le hiomaíochas fadtéarmach' in SWD(2024) 78, tugtar faisnéis maidir le treochtaí níos faide.

Bíonn an nuálaíocht i gcroílár geilleagair rathúil agus iomaíoch agus cuirtear i dtábhacht i Scórchlár Nuálaíochta Eorpach 2023[47] feabhas ar fheidhmíocht nuálaíochta an Aontais ar fud na hEorpa.

Tá méadú tagtha ar **infheistíochtaí T&N** an Aontais ó 1.8 % den OTI go 2.2 % le fiche bliain anuas (féach PTF 6) ach tá laghdú bliain i ndiaidh bliana tagtha orthu agus tá siad fós faoi bhun na sprice 3 %,[48] agus tá siad scaipthe go míchothrom ar fud na réigiún agus na mBallstát. Tá infheistíochtaí T&N fós faoi bhun na n-infheistíochtaí i Stáit Aontaithe Mheiriceá (3.4% den OTI)[49] agus sa tSín (2.4%), go háirithe mar gheall ar an mbearna in T&N na hearnála gnó[50] agus mar gheall ar infheistíocht phoiblí marbhánta in T&N. Ina theannta sin, cuirtear bac ar éifeachtúlacht agus ar thionchar na n-infheistíochtaí sin mar gheall ar dhúshláin struchtúracha leanúnacha i roinnt córais T&N, amhail naisc laga idir an eolaíochta agus gnó.

Is ceannródaí domhanda é an tAontas Eorpach i **bhforbairt teicneolaíochtaí** lena gcomhcheanglaítear nuálaíochtaí digiteacha agus glasa, agus tá sciar mór de ghníomhaíochtaí paitinnithe an Aontais ann a dhírítear ar theicneolaíocht an athraithe aeráide[51]. Sa réimse digiteach amháin, ba é 20 % sciar an Aontais in 2020, cosúil le sciar Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Chun cuidiú le bearna mhargaidh na hEorpa i maoiniú cuideachtaí atá i mbun fáis a dhúnadh, cuireann an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE) deontais agus cothromas le chéile chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí nuathionscanta domhainteicneolaíochta a bhfuil gealladh fúthu. Tá os cionn EUR 1 bhilliún d'infheistíochtaí i mbeagnach 200 cuideachta domhainteicneolaíochta atá i mbun fáis formheasta cheana féin. Ina theannta sin, chuidigh an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht le EUR 7.3 billiún breise d'infheistíocht phríobháideach i ngnólachtaí nuathionscanta in earnálacha straitéiseacha a shlógadh amhail ceallraí, hidrigin nó sláinte.

Faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, tá os cionn EUR 47 mbilliún á úsáid ag na Ballstáit in infheistíochtaí T&N agus tabharfaidh siad isteach athchóirithe ina gcórais T&N sa bhreis ar EUR 35 bhilliún faoin mBeartas Comhtháthaithe.

---

47 https://op.europa.eu/en/web/eu-law-and-publications/publication-detail/-/publication/04797497-25de-11ee-a2d3-01aa75ed71a1

48 Ag breathnú ar iomaíochas fadtéarmach an Aontais i ndiaidh 2030 |An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

49 Tá caiteachas iomlán T&F (mar chéatadán den OTI) agus comhdú iomlán paitinne (PCT, in aghaidh an mhilliúin áitritheoir) thart ar 25 %-40 % faoi bhun Stáit Aontaithe Mheiriceá le blianta beaga anuas

50 Cúis amháin leis an ráta níos ísle infheistíochta T&F in earnáil ghnó an Aontais seachas sna Stáit Aontaithe is ea na difríochtaí struchtúracha i bpróifíl na hearnála infheistíochta gnó T&F. Léiríonn Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tSín infheistíocht T&F thar a bheith ard i réimsí ardfháis amhail seirbhísí TF/TFC agus seirbhísí gaolmhara agus i réimsí a bhaineann leis an tsláinte (go háirithe na Stáit Aontaithe). I gcomparáid leis sin, tá an tAontas chun tosaigh in infheistíochtaí T&F na hearnála gluaisteán agus tá punann thionsclaíoch níos leithne aige atá ag infheistiú in T&F, lena n-áirítear i dtionscail a bhfuil teicneolaíochtaí glasa á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm acu, do dhícharbónú chomh maith don gheilleagar ciorclach. Le haghaidh sonraí breise, féach Scórchlár Infheistíochta T&F Tionsclaíoch an Aontais, an Coimisiún Eorpach, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023,
https://data.europa.eu/doi/10.2760/506189.

51 Suirbhé Infheistíochta BEI 2023: Forléargas an Aontais Eorpaigh.

D'ainneoin sin ar fad, tá fás tháirgiúlacht na bhfachtóirí uile san Aontas níos lú ná leath d'fhás tháirgiúlacht na bhfachtóirí uile i Stáit Aontaithe Mheiriceá le 30 bliain anuas. Éilítear leis sin go ndíreofar níos mó fós ar theicneolaíochtaí straitéiseacha (e.g. teicneolaíochtaí glana, ionadú amhábhar criticiúil, teicneolaíochtaí digiteacha, ardábhair, ardteicneolaíochtaí táirgthe agus teicneolaíochtaí táirgthe glana) lena n-áirítear na cinn a bhfuil acmhainneacht dé-úsáide acu.

Chomh maith le hinfheistíochtaí an Aontais i dtaighde agus i nuálaíocht a mhéadú, ní mór bearta a dhéanamh chun tús áite a thabhairt arís d'iarrachtaí taighde maidir le riachtanais iomaíochais fhadtéarmacha an Aontais agus aistriú torthaí taighde go feidhmchláir phraiticiúla ghnó a neartú.

Tá gá le hathchóirithe chun córais T&N a nuachóiriú chun tionchar infheistíochtaí T&N a mhéadú. Mar shampla, trí naisc idir gnólachtaí agus eintitis taighde a neartú agus feabhas a chur ar struchtúir tacaíochta maidir le glacadh torthaí taighde agus nuálaíochta de réir tionscail, is féidir cás mealltach gnó a dhéanamh.

Ar leibhéal an Aontais, leanfaidh an Coimisiún le beartais a fhorbairt agus a chur chun feidhme a dhírítear ar ghnólachtaí nuathionscanta agus ar ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha na domhainteicneolaíochta agus na teicneolaíochta glaise a chur chun cinn, lena n-áirítear trí chumais na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

## 5. Fuinneamh

| PTF | Tuairisc | Sprioc | Luach is déanaí an |
|---|---|---|---|
| PTF 8: Cion an fhuinnimh ó fhoinsí inathnuaite | Giniúint fuinnimh inathnuaite (mar atá beartaithe don Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite). | 45 % in 2030 | 23.02 (2022)<br>21.77 % (2021) |
| PTF 9: Praghsanna leictreachais do thomhaltóirí neamhtheaghlaigh | Tugtar léiriú maith ar inacmhainneacht fuinnimh le praghas leictreachais do thomhaltóirí tionsclaíoch. | Laghdú agus seasta ansin | Banda IC AE:[53]<br>EUR 0.21 in aghaidh an kWh (Seimeastar 1 2023)<br>EUR 0.18 in aghaidh an kWh (Seimeastar 1 2022) |

**Treoraíonn an tAontas an t-aistriú domhanda chuig córas fuinnimh dícharbónaithe. In 2022, bhí astaíochtaí gás ceaptha teasa 32.5 %[54] ní b'ísle ná mar a bhí in 1990, agus tháinig méadú 67 % ar OTI an Aontais. Ag an am céanna, spreag cogadh na Rúise san Úcráin géarchéim fuinnimh a raibh tionchar suntasach aici ar theaghlaigh agus ar iomaíochas thionscal na hEorpa. Cé go bhfuil laghdú tagtha ar phraghsanna fuinnimh anois, tá siad fós i bhfad os cionn na dtreochtaí fadtéarmacha roimhe seo, agus bíonn siad níos airde ná**

[52] Is iad na sonraí na cinn a bhí ar fáil i mí na Nollag 2023. In Iarscríbhinn 1 'Forléargas ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) maidir le hiomaíochas fadtéarmach' in SWD(2024) 77- 78, tugtar faisnéis maidir le treochtaí níos faide.

[53] Tagraíonn an banda tomhaltais IC do thomhaltóirí meánmhéide arb é idir 500 MWh agus 2000 MWh a n-ídiú bliantúil agus déantar soláthar ann d'athróga maidir le hinacmhainneacht.

[54] Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le gníomhú ar son na haeráide (2023) - COM/2023/650 final.

**mar atá siad i réigiúin atá in iomaíocht lena chéile go seasmhach. Cuideoidh margaí fuinnimh inmheánacha níos idirnasctha agus níos comhtháite chun rochtain ar fhuinneamh inacmhainne, flúirseach, iontaofa agus dícharbónaithe a áirithiú.**

Ó 2010 go 2021, tá laghdú 3 % ar an iomlán tagtha ar **astaíochtaí** ó éiceachórais thionsclaíocha an Aontais. Thar an tréimhse chéanna tháinig laghdú 35 % ar astaíochtaí ó earnáil an tsoláthair fuinnimh[55].

Bhí **praghsanna leictreachais** an **Aontais** do thionscail mhórmhéide beagán ní b'ísle ná mar a bhí siad sa tSeapáin agus sa Ríocht Aontaithe go dtí 2021, cé go raibh siad dhá oiread ní b'airde ná mar a bhí siad i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Ó bhí 2021 ann, agus ina dhiaidh an suaitheadh a spreagadh le cogadh foghach na Rúise san Úcráin, tá méadú tagtha ar an difreálach praghsanna le Stáit Aontaithe Mheiriceá, chun aimhleasa iomaíochas an Aontais[56].

Leis an athchóiriú ar **dhearadh mhargadh leictreachais an Aontais**[57], táthar ag súil go gcuirfear dlús le húsáid fuinnimh ghlain trí chonarthaí fadtéarmacha a éascú lena soláthraítear intuarthacht praghsanna agus cinnteacht infheistíochta, rud a chuideoidh leis na costais ar ghiniúint fuinnimh a shrianadh sa mheántéarma. Tá méadú ag teacht ar chaiteachas FBManna i**spárala fuinnimh** le cúig bliana anuas ar fud na n-éiceachóras tionsclaíoch go léir, go háirithe i gcúrsaí agraibhia, teicstíle, turasóireachta agus aeraspáis agus cosanta[34]. Le hardteicneolaíochtaí monaraíochta, amhail róbataic thionsclaíoch agus monaraíocht breiseán, is féidir cuidiú le tuilleadh coigiltis a bhaint amach.

Beidh ar an Aontas leictriú suntasach a dhéanamh ar a éileamh ar fhuinneamh. Éilítear leis sin infheistíochtaí móra i dteicneolaíochtaí dícharbónaithe. Tá méadú 18.7 % in aghaidh na bliana tagtha ar infheistíochtaí i bhfoinsí inathnuaite fuinnimh an Aontais ó 2015 go 2022, ag sroicheadh EUR 38 mbilliún in aghaidh na bliana. Leis an eis-sreabhadh Infheistíochta Dírí Eachtraí (EUR 92 bhilliún) atá níos mó fós, deimhnítear ceannaireacht thionscal an Aontais sa réimse seo[34]. Sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an Teachtaireacht maidir le sprioc aeráide 2040 na hEorpa léirítear gur as fuinneamh in-athnuaite ar an mórgóir, arna chomhlánú le fuinneamh núicléach, a ghinfear os cionn 90 % den leictreachais a ídeofar san Aontas in 2040[58]. Sheol an Coimisiún an Chomhghuaillíocht Thionsclaíoch Eorpach um Mion-imoibreoirí Modúlacha freisin.

Beidh sé riachtanach freisin ionaid nua táirgthe fuinnimh dhícharbónaithe a nascadh le hionaid ídithe nua. Is é an plean gníomhaíochta Eorpach maidir le heangacha leichtreachais an chéad chéim lena leagtar amach roinnt gníomhaíochtaí chun dlús a chur le **húsáid eangach leichreachais** agus comhtháthú fuinnimh in-athnuaite níos tapúla[59]. Ba cheart go mbeadh sé ina bhonn le haghaidh gníomhaíochtaí cuimsitheacha amach anseo chun dlús a chur le forbairt bhonneagar fuinnimh comhtháite na hEorpa. Tá an digitiú i gcroílár chóras nua na n-eangach

[55] Eurostat, Cuntais astaíochtaí aeir, gáis cheaptha teasa le gníomhaíocht NACE Ath. 2, sonraí ráithiúla.
[56] Féach, mar shampla, Ionchas Eacnamaíoch Fhómhar 2023 Orgalim.
[57] Athchóiriú ar dhearadh mhargadh leictreachais an Aontais (europa.eu)
[58] Thairis sin, tá sé fógartha ag comhghuaillíocht na mBallstát maidir le fuinneamh núicléach go bhfuil sé beartaithe acmhainn 150 GW d’fhuinneamh núicléach a bhaint amach faoi 2050.
[59] COM(2023)757.

leictreachais freisin[60]. Tá gá le digitiú, rochtain ar shonraí agus uathoibriú chun gach foinse fuinnimh (nua) a chomhtháthú agus an córas a chobhsú.

Taobh amuigh d'úsáid, neartófar leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta **monaraíocht na dteicneolaíochtaí glan-nialasacha san Aontas**. Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Eorpach um Chumhacht Ghaoithe moltaí agus gealltanais chun tacú le hacmhainneacht na monaraíochta cumhachta gaoithe san Eoraip[61].

Tá ról lárnach ag an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus REPowerEU freisin maidir le hathléimneacht, slándáil agus inbhuanaitheacht chóras fuinnimh an Aontais a fheabhsú, go háirithe trí infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh agus i bhfuinneamh in-athnuaite agus i líonraí, rud a chuireann leis an mbochtaineacht fuinnimh a chomhrac ag an am céanna.

[60] COM(2022)552.
[61] COM(2023)669.

Le cúig bliana anuas, rinne an tAontas nuashonrú mór ar a bhosca uirlisí beartais fuinnimh chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach, lena n-áirítear i dtéarmaí a phlean tionsclaíoch.

Ach beidh tuilleadh ag teastáil chun úsáid leictreachais dícharbónaithe a éascú, chun é a chomhtháthú in eangacha fuinnimh agus chun monaraíocht teicneolaíochtaí glan-nialasacha a mhéadú. Tá sé sin go léir fíor-riachtanach chun praghsanna fuinnimh a laghdú agus chun iomaíochas na hEorpa a threisiú.

Ba cheart do na Ballstáit cur leis na réimsí sin, mar shampla, trí chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta Eangach agus an Phlean Gníomhaíocht um Chumhacht Gaoithe, na dTreorach maidir le Fuinneamh In-athnuaite agus obair SMET maidir leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta a cheadú agus a chur chun feidhme go tapa. Ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as an tionscnamh STEP chun acmhainneacht ionstraimí uile an Aontais a threisiú, lena n-áirítear Cistí Beartais Chomhtháthaithe an Aontais, agus chun tacú le forbairt agus monaraíocht príomhtheicneolaíochtaí straitéiseacha um fhuinneamh glan.

## 6. Ciorclaíocht

| PTF | Tuairisc | Sprioc | Luach is déanaí an |
|---|---|---|---|
| PTF 10: Ráta úsáide ábhair chiorclaigh | Tomhaistear leis an ráta úsáide ábhair chiorclaigh an sciar den ábhar a aisghabhtar agus a chuirtear ar ais sa gheilleagar maidir le húsáid ábhar ar an iomlán. Sprioc a bunaíodh sa Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach: Ag méadú faoi dhó i gcomparáid le 2020. | 23.4 % faoi 2030 | 11.5 % (2022)<br>11.7 % (2021) |

**Tá an Eoraip ag dul chun cinn go mall i dtreo geilleagar níos ciorclaí. Ó bhí 2000 ann, tá méadú 37 % tagtha ar tháirgiúlacht acmhainní thionscal an Aontais[63], rud a léiríonn go bhfuil úsáid níos éifeachtúla á baint as ábhair i dtáirgeadh an Aontais, ach tá lorg ábhar an Aontais[64] fós cobhsaí le deich mbliana anuas[65]. Nuair a chuirfear reachtaíocht a comhaontaíodh le déanaí i bhfeidhm, cuirfear feabhas ar an gcás gnó maidir le ciorclaíocht.**

Ciallaíonn níos mó ciorclaíochta sa gheilleagar tomhaltas ábhar príomhúil níos ísle, níos lú dramhaíola agus spleáchais laghdaithe. Soláthraítear leis freisin acmhainneacht shuntasach maidir le cruthú post ar ardchaighdeán, go háirithe sa gheilleagar sóisialta. Tá an acmhainneacht ag an mbithgheilleagar cur le níos mó ciorclaíochta, mar shampla, i réimse ábhar ceallraí.

Ag 11.5 %, tá ráta úsáide na n-amhábhar tánaisteach in 2022 níos lú ná leath na sprice a comhaontaíodh le haghaidh 2030, rud a léiríonn acmhainneacht shuntasach nár baineadh leas aisti (féach figiúr 3 agus PTF 10). Ag an am céanna, tá méadú 37 % tagtha ar tháirgiúlacht

[62] Is iad na sonraí na cinn a bhí ar fáil i mí na Nollag 2023. In Iarscríbhinn 1 'Forléargas ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) maidir le hiomaíochas fadtéarmach' in SWD(2024) 78, tugtar faisnéis maidir le treochtaí níos faide.
[63] Is é seo an caidreamh idir méid an gheilleagair intíre agus úsáid acmhainní nádúrtha intíre.
[64] Is é sin méid iomlán na n-amhábhar a úsáideann cónaitheoirí: áirítear leis ábhair a úsáidtear i dtáirgeadh an Aontais, ábhair atá leabaithe in allmhairí a chur leis agus ábhair atá leabaithe in onnmhairí a asbhaint.
[65] Lorg ábhartha na hEorpa (europa.eu).

acmhainní thionscal an Aontais[66] le fiche bliain anuas, agus tá sé sin inchomparáide anois le táirgiúlacht acmhainní na Stát Aontaithe agus trí huaire níos airde ná an tSín.

**Tá tomhaltas neamh-inbhuanaithe** agus táirgeadh gaolmhar ina bpríomhbhacainní ar an gciorclaíocht[67]. Ní úsáideann ach 20 % de FBManna ábhair athchúrsáilte agus ní ghlacann ach 11 % acu samhlacha gnó ábhar ciorclach[68].

Cruthaítear le reachtaíocht a glacadh le déanaí nó a comhaontaíodh go polaitiúil **cás gnó láidir le haghaidh níos mó ciorclaíochta** san Aontas. Go réamhtheachtach, foráiltear leis an **nGníomh um Amhábhair Chriticiúla** gur cheart go gcumhdófaí le hacmhainn athchúrsála an Aontais 25 % de thomhaltas bliantúil amhábhair straitéiseacha an Aontais faoi 2030. Ar leibhéal an táirge, leis an **Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe**, éascófar critéir shonracha chiorclaíochta a dhearadh le haghaidh catagóirí táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais[69]. Cuideoidh sé sin le haghaidh a thabhairt ar ilroinnt an Mhargaidh Aonair mar gheall ar rialacha náisiúnta éagsúla maidir le hinbhuanaitheacht táirgí. Leis an bpas táirge digiteach, éascófar comhroinnt faisnéise feadh na slabhraí soláthair. Feabhsófar faireachas margaidh chun aghaidh a thabhairt ar easnamh forfheidhmiúcháin na gceanglas éicidhearthóireachta is infheidhme, go háirithe ó tháirgí allmhairithe. Tá creat rialála an **Aontais maidir le ceallraíag cur le slabhraí**[70] luacha ciorclacha le haghaidh táirgeadh ceallraí anois cheana féin. Ag an am céanna, tá roinnt bacainní ann fós nach mór aghaidh a thabhairt orthu chun tacú le níos mó ciorclaíochta, mar shampla, maidir leis an sainmhíniú ar dhramhaíl. Ar leibhéal na dtomhaltóirí, leis an Treoir maidir le Tomhaltóirí a Chumhachtú don Aistriú Glas agus leis an Treoir maidir le hÉilimh Ghlasa, cuidítear le tomhaltóirí táirgí iontaofa agus inbhuanaithe a shainaithint.

---

[66] Eurostat: 'Material flow accounts and resource productivity – Statistic Explained' [Cuntais sreafa ábhair agus táirgiúlacht acmhainní – Míniú ar Staidreamh] (europa.eu).


[67] 'Conditions and pathways for sustainable and circular consumption in Europe' [Coinníollacha agus bealaí le haghaidh tomhaltais inbhuanaithe agus chiorclaigh san Eoraip] — An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (europa.eu).

[68] Féach suirbhé ar éiceachórais thionsclaíocha in Iarscríbhinn 6.

[69] An Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe (COM/2022/142).

[70] Treoir (AE) 2023/1542.

Figiúir 3: Ráta úsáide ábhár ciorclach (úsáid ábhar tánaisteach mar % den úsáid fhoriomlán ábhair)




Foinse: Eurostat

| |
|---|
| Leis an reachtaíocht a glacadh le déanaí, méadófar an chiorclaíocht san Aontas. Chun a héifeachtacht a áirithiú, áfach, ní mór do na Ballstáit oibriú chun an faireachas margaidh ar cheanglais rialála táirgí a bhaineann leis an gciorclaíocht a neartú. Ina theannta sin, d'fhéadfadh na Ballstáit tomhaltas inbhuanaithe ábhar a chur chun cinn trí thacaíocht a thabhairt d'úsáid thionsclaíoch ábhar tánaisteach (siombóis thionsclaíoch i measc gnólachtaí) agus ardáin don gheilleagar comhroinnte ina bhféadfaí soláthar agus éileamh dramhaíola in-athchúrsáilte/ath-inúsáidte teacht le chéile. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach an geilleagar ciorclach a phríomhshruthú trí bhorradh a chur faoi thaighde agus faoi nuálaíocht, tríd an lucht saothair a uas-sciliú agus a athsciliú, agus trí dhíriú ar úsáid ionstraimí maoiniúcháin. |

## 7. An digitiú

| PTF | Tuairisc | Sprioc | Luach is déanaí an |
|---|---|---|---|
| PTF 11: Déine dhigiteach in FBManna | Sciar fhiontair an Aontais ag a bhfuil leibhéal bunúsach déine digití ar a laghad. Is é atá i gceist le leibhéal bunúsach úsáid a bhaint as ceithre cinn ar a laghad de dhó dhéag theicneolaíocht dhigiteacha roghnaithe (amhail úsáid a bhaint as aon teicneolaíocht IS; díolacháin ríomhthráchtála de thart ar 1 % ar a laghad den láimhdeachas iomlán a bheith acu; etc.) mar a shainítear sa chlár beartais don Deacáid Dhigiteach. | 90 % faoi 2030 | 69.30 % (2022)<br>61.36 % (2021) |
| PTF 12: Glacadh teicneolaíochtaí digiteacha ag cuideachtaí | Sciar na bhfiontar Eorpach ag a bhfuil seirbhísí néalríomhaireachta, olltiomsú sonraí agus/nó Intleacht Shaorga glactha. Sprioc atá leagtha amach sa chlár beartais don Deacáid Dhigiteach. | 75 % faoi 2030 | Seirbhísí néal-ríomhaireachta: 34 % (2021)<br>Olltiomsú sonraí: 14 % (2020)<br>Intleacht Shaorga 8 % (2021) |

[71] Is iad na sonraí na cinn a bhí ar fáil i mí na Nollag 2023. In Iarscríbhinn 1 'Forléargas ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) maidir le hiomaíochas fadtéarmach' in SWD(2024) 78, tugtar faisnéis maidir le treochtaí níos faide.

**Tá rolladh amach agus glacadh teicneolaíochtaí digiteacha agus digitiú foriomlán an gheilleagair ina spreagthaí riachtanacha don iomaíochas agus don cheannasacht. Tá roinnt ionstraimí maoiniúcháin agus tionscnaimh reachtacha i bhfeidhm anois chun digitiú gnólachtaí agus iomaíochas earnáil teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide an Aontais a fheabhsú. Beidh gá le leanúint le comhiarrachtaí agus iad a fheabhsú chun dlús a chur leis an aistriú digiteach, chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí infheistíochta agus chun acmhainneachtaí digiteacha a neartú i gcomhréir leis an gClár Beartais don Deacáid Dhigiteach.**

D'ainneoin láidreachtaí an Aontais i réimsí sonracha teicneolaíochta digití, amhail ardteicneolaíochtaí monaraíochta agus trealamh monaraíochta leathsheoltóirí, tháinig laghdú suntasach ar sciar an Aontais den mhargadh domhanda teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) le deich mbliana anuas, ó 21.8 % (2013) go 11.3 % (2022), agus tháinig méadú ar sciar na Stát Aontaithe ó 26.8 % go 36 %[72].

Is córas rialachais chomhoibrithigh é an Clár Beartais don Deacáid Dhigiteach idir an tAontas[73] agus na húdaráis náisiúnta chun tacú le cuspóirí agus spriocanna nithiúla 2030 a bhaint amach. Tá siad dírithe ar cheithre réimse: scileanna digiteacha; bonneagar digiteach; gnólachtaí a dhigitiú, lena n-áirítear trí ghlacadh le hardteicneolaíochtaí amhail Intleacht Shaorga (IS), Néalseirbhísí agus anailísíocht an Olltiomsaithe Sonraí; agus digitiú na seirbhísí poiblí. Cuirtear i dtábhacht sa chéad tuarascáil ar Staid na Deacáide Digití[74] an **gá dlús a chur leis na comhiarrachtaí** chun ár n-uaillmhianta i réimse na leathsheoltóirí, na n-ardscileanna digiteacha a chomhlíonadh agus chun aistriu digiteach gnólachtaí Eorpacha a chothú.

Le roinnt ionstraimí maoiniúcháin ón Aontas, cothaítear neartú na n-**acmhainneachtaí digiteacha, an bhonneagair dhigitigh agus na scileanna is gá don aistriú digiteach**. Mar shampla, chuidigh DIGITAL (le Fís Eorpach) le ceannaire den scoth a dhéanamh den Aontas ar an Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta agus soláthraítear maoiniú straitéiseach leis chun tacú le tionscadail san intleacht shaorga, in ardscileanna digiteacha, sa chibearshlándáil agus chun réitigh dhigiteacha a chur i bhfeidhm de réir a chéile do riaracháin phoiblí agus do ghnólachtaí.

Le teacht chun cinn suaiteach na hintleachta saorga giniúnaí, cruthaítear deis uathúil i margadh a bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú os cionn 24.4 % in aghaidh na bliana air ó 2023 go 2030[75]. Chun borradh a chur faoin nuálaíocht i réimse na hintleachta saorga, soláthraítear leis an nGníomh um Intleacht Shaorga creat dlíthiúil cobhsaí, intuartha agus comhréireach d'fhorbróirí na hintleachta saorga, lena gcothaítear muinín i measc saoránach agus gnólachtaí i bhfeidhmchláir intleachta saorga agus, ar an dóigh sin, cuirtear borradh faoina nglacadh san Aontas.

---

[72] Sciar domhanda den mhargadh TFC ar fud an domhain in 2023 | Staidreamh.
[73] Cinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022.
[74] https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/library/2023-report-state-digital-decade. Is creat cuimsitheach é lena dteoraítear agus lena gcomhordaítear gach gníomhaíocht a bhaineann le cúrsaí digiteacha lena bhfuil cur chuige beartais thionsclaíoch. Go háirithe, socraítear leis spriocanna na Deacáide Digití agus déanann sé faireachán orthu, mar spriocanna intomhaiste maidir le nascacht, scileanna digiteacha, gnó digiteach agus seirbhísí poiblí digiteacha.
[75] Association for Computing Machinery, TechBriefs, samhradh 2023/ eagrán 8 -3626110 (acm.org).

Chomh maith leis sin, tríd an gcreat rialála a chomhlánú,[76] leis an bpacáiste um Thionscnamh agus Nuálaíocht na hintleachta saorga, déanfar foinse beatha nuálach den Eoraip le haghaidh intleacht shaorga iontaofa. Ag tógáil ar bhonneagar ríomhaireachta ardfheidhmíochta na hEorpa (EuroHPC) atá ar thús cadhnaíochta, cruthaítear leis 'Monarchana IS' lena dtugtar le chéile príomh-chomhábhair na hintleachta saorga – sonraí, ríomhaireacht, algartaim agus tallann – agus a fheidhmíonn mar ionad ilfhreastail do ghnólachtaí nuathionscanta na hintleachta saorga chun samhlacha móra na hintleachta saorga a oiliúint agus a fhorbairt. Ina theannta sin, nasctar gnólachtaí nuathionscanta agus taighdeoirí na hintleachta saorga le húsáideoirí tionsclaíochaleis, rud a chuireann borradh faoi fheidhmchláir nuálacha na hintleachta saorga giniúnaí ar fud 14 éiceachóras tionsclaíocha na hEorpa.

Tá bearta beartais eile de chuid an Aontais tosaithe cheana féin chun **acmhainneacht intíre a fhorbairt** le haghaidh teicneolaíochtaí digiteacha trasnacha eile agus díríodh iad ar **spleáchais straitéiseacha** a bhaineann le sliseanna agus néalseirbhísí a laghdú[77]. Leis an **nGníomh um Shliseanna**, méadófar acmhainn monaraíochta an Aontais[78], d'fhonn a áirithiú go dtáirgfear 20 % ar a laghad de tháirgeadh domhanda ó thaobh luach de de leathsheoltóirí ceannródaíocha san Eoraip faoi 2030. Leis na **IPCEInna maidir le micrileictreonaic agus maidir le Bonneagar Néalríomhaireachtaí agus Seirbhísí Néalríomhaireachta** na Chéad Ghlúine Eile, slógtar cuideachtaí móra agus gnólachtaí nuathionscanta chun infheistíocht a dhéanamh i móracmhainneachtaí tionsclaíocha nuálacha[79] agus chun éiceachóras próiseála sonraí Eorpach atá idir-inoibritheach agus inrochtana go hoscailte a fhorbairt,

Má **ghlacann cuideachtaí an Aontais teicneolaíochtaí digiteacha**, féadfar méadú suntasach a dhéanamh ar an táirgiúlacht ar fud an gheilleagair. In 2022, bhí leibhéal bunúsach déine digití ar a laghad ag 69 % de FBManna an Aontais, i gcomparáid le sprioc 2030 na Deacáide Digití de 90 % (féach PTF 11). Ba é 14 % an cion d'fhiontair an Aontais ina bhfuil 10 bhfostaí nó níos mó a bhfuil teicneolaíochtaí digiteacha glactha acu le haghaidh Olltiomsú Sonraí in 2020, 34 % le haghaidh Néalríomhaireachta agus 8 % le haghaidh intleacht shaorga in 2021, i gcomparáid le sprioc 2030 go mbeidh 75% de chuideachtaí ag úsáid ceann amháin ar a laghad de na teicneolaíochtaí sin (féach PTF 12). Tá gnólachtaí nuathionscanta na teicneolaíochta digití an-ghníomhach i bhformhór na n-éiceachóras tionsclaíoch, agus meallann na tionscail sláinte, soghluaisteachta agus cultúrtha agus cruthaitheachta an cion is airde[34]. Tairgeann go leor de na gnólachtaí nuathionscanta sin réitigh bhunúsacha dhigiteacha amhail margaí ar líne nó seirbhísí bogearraí, a chuireann le haistriú na n-éiceachóras.

---

[76] Seolann an Coimisiún pacáiste um nuálaíocht na hintleachta saorga chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus FMBanna i réimse na hintleachta saorga | Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú (europa.eu).

[77] SWD(2021)352 Spleáchais agus acmhainneachtaí straitéiseacha, a ghabhann leis an nuashonrú ar '2020 New Industrial Strategy:' 'Building a stronger Single Market for Europe's recovery' [Nuashonrú ar Straitéis Tionsclaíochta Nua 2020: Margadh Aonair níos láidre a thógáil le haghaidh théarnamh na hEorpa].

[78] Tá 14 shaotharlann déantúsaíochta digití nua beartaithe cheana a chuirfear ar líne agus a chuirfear i bhfeidhm faoi 2030.

[79] Lena n-áirítear amhábhair chriticiúla, trealamh, sliseoga, taighde, réamhtháirgeadh agus dearadh.

Tá digitiú ghnólachtaí an Aontais, go háirithe FBManna, agus na seirbhísí poiblí ag dul chun cinn ach tá sé fós i bhfad faoi bhun spriocanna agus chuspóirí 2030 na Deacáide Digití i roinnt réimsí. Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit an Clár Beartais don Deacáid Dhigiteach a chur chun feidhme go hiomlán chun aghaidh a thabhairt air sin.

Tá bearta beartais éagsúla déanta ag an Aontas cheana féin chun spleáchais straitéiseacha a laghdú agus chun iomaíochas a chur chun cinn trí dhlús a chur leis na hinfheistíochtaí i dteicneolaíochtaí straitéiseacha, amhail leathsheoltóirí, néalseirbhísí, IS agus Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta. Ionas go mbeidh siad níos éifeachtaí, ceanglaítear leis na beartais sin ar na Ballstáit straitéisí a ailíniú chun acmhainn thionsclaíoch a fhorbairt sna réimsí ábhartha.

## 8. Oideachas agus scileanna

| PTF | Tuairisc | Sprioc | Luach is déanaí an |
|---|---|---|---|
| PTF 13: Rannpháirtíocht daoine fásta san oideachas agus san oiliúint gach bliain (meánlíon na bhfear agus na mban) | Léireofar le rannpháirtíocht mhéadaithe san oiliúint dul chun cinn maith i bhforbairt scileanna le haghaidh iomaíochas inbhuanaithe (sprioc atá leagtha síos i Spriocanna Chruinniú Mullaigh Porto, an Colún Sóisialta). | 60 % faoi 2030 | 37.4 % (2016)<br>Bunaithe ar an suirbhé ar oideachas aosach, a dhéantaí uair amháin gach 6 bliana roimhe seo. |
| PTF 14: Ráta fostaíochta maidir le haosaigh | Cuireann ráta fostaíochta méadaithe le hiomaíochas atá inbhuanaithe go sóisialta (sprioc atá leagtha síos i Spriocanna Chruinniú Mullaigh Porto, an Colún Sóisialta). | 78 % faoi 2030 | 74.6 % (2022)<br>73 % (2021) |
| PTF 15: Speisialtóirí TFC (meán na mban agus na bhfear, % na fostaíochta) | Leis an táscaire sin, atá ar cheann de spriocanna an Chláir Beartais don Deacáid Dhigiteach, tomhaistear dul chun cinn i dtreo lucht saothair dea-thomhaiste atá speisialaithe i bhforbairt agus in úsáid teicneolaíochtaí digiteacha. | 20 Milliún faoi 2030 (i.e. ca. 10 % den fhostaíocht iomlán) | 9.4 milliún (2022)<br>8.9 milliún (2021)<br>Céatadán na fostaíochta iomláine:<br>4.6 % (2022)<br>4.5 % (2021) |
| PTF is iarrthóir 15a: Meánscóir tástála do leanaí 15 bliana d'aois (PISA) | Is é PISA an Clár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí de chuid ECFE. Tomhaistear le PISA cumas scoláirí 15 bliana d’aois a n-eolas agus a scileanna léitheoireachta, matamaitice agus eolaíochta a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin sa saol mar atá. | Méadú | *Matamaitic*;<br>474 (2022)<br>492(2018)<br>*Léitheoireacht:*<br>475 (2022)<br>488(2018)<br>*Eolaíocht:*<br>484 (2022)<br>488(2018) |


**Ag 74.6 % in 2022, tá an tAontas ar an mbóthar ceart chun sprioc 2023 um ráta fostaíochta 78 % a bhaint amach. Agus fós féin, tá trí cheathrú de na FBManna ag tabhairt aghaidh ar ghanntanais lucht saothair agus scileanna faoi láthair, ar ganntanais iad ar tosaíodh ar**

[80] Is iad na sonraí na cinn a bhí ar fáil i mí na Nollag 2023. In Iarscríbhinn 1 ‘Forléargas ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) maidir le hiomaíochas fadtéarmach’ in SWD(2024) 78, tugtar faisnéis maidir le treochtaí níos faide.

**dhul i ngleic leo leis an gComhshocrú um Scileanna agus le bearta lena n-éascaítear soghluaisteacht an lucht saothair. Chun an lucht saothair a mhealladh agus a choinneáil, tá sé ríthábhachtach go mbeidh poist ardchaighdeáin ar fáil, go dtabharfar aghaidh ar bhearnaí inscne agus go gcuirfear comhdheiseanna do chách chun cinn. Tá lucht saothair oilte ina phríomhthoisc maidir leis an iomaíochas, i gcomhthéacs an athraithe dhéimeagrafaigh leanúnaigh[81].**

Leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, **cruthaítear éileamh ar scileanna nua**, lena n-éilítear uas-sciliú agus athsciliú an lucht saothair. Mar shampla, beidh oiliúint maidir le héifeachtúlacht fuinnimh ag teastáil ó idir 35 % agus 45 % den lucht saothair in earnáil na n-athchóirithe foirgneamh[82]. Tá an-éileamh ar scileanna TFC, cé go bhfuil difríochtaí mór idir na riachtanais shonracha ar fud na n-éiceachóras (féach Figure 4). Shroich líon na speisialtóirí TFC 9.4 milliún in 2022, arb é sin 4.6 % den fhostaíocht iomlán agus dul chun cinn i dtreo sprioc 2030 de 20 milliún duine (féach PTF 15). Ar an lámh eile, san Aontas, ní ghlacann ach thart ar dhuine fásta amháin as gach triúr páirt i ngníomhaíochtaí foghlama gach bliain (féach PTF 13). Ina theannta sin, tá laghdú tagtha ar na meánscóir do leanaí 15 bliana d'aois don Aontas in 2022 i gcomparáid le 2018 i ngach disciplín, i gcás ina bhfuil a príomh-iomaitheoirí ag déanamh níos fearr ná an tAontas. Tugtar le fios leis sin go bhfuil fadhb os comhair na hEorpa ó thaobh bunscileanna a fhoghlaim do dhaoine óga

Figiúir 4: % na bhfógraí poist ar líne lena n-éilítear scileanna digiteacha measartha nó ardscileanna digiteacha ar a laghad, AE-27.




Foinse: Anailís Ghrúpa Technopolis bunaithe ar shonraí Cedefop Skillovate, le haghaidh thionscadal Fhaireachán Eorpach na nÉiceachóras Tionsclaíoch (IEA) 2023.

[81] Teachtaireacht maidir le hathrú déimeagrafach san Eoraip: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta, COM (2023) 577 final.

[82] CEC, 'Skills and Quality Jobs in Construction' [Scileanna agus Poist Cháilíochta san Fhoirgníocht]: 230630_-_jtc_study_report_may_2023.pdf (ituc-csi.org).

Chuir an tAontas uirlisí beartais chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin de láimh[83]. Tacaíonn maoiniú comhtháthaithe agus go háirithe Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (ESF+)[84] le **hinfheistíochtaí náisiúnta i gcaipiteal daonna.** Tríd an **gComhshocrú um Scileanna**, agus trí na comhpháirtíochtaí sonracha a leagtar amach i ngach ceann de na 14 éiceachóras thionsclaíocha, tá an tAontas ag cur le huas-sciliú agus athsciliú riachtanach na milliún oibrí ar fud na n-éiceachóras tionsclaíoch. Gheall 1,500 comhpháirtí eacnamaíoch agus sóisialta go ndéanfadh siad 10 milliún oibrí a uas-sciliú agus a athsciliú faoi 2030, agus tá os cionn 15,000 clár oiliúna forbartha cheana féin. Le cois sin, faoin nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, tá an Coimisiún ag tacú le **hacadaimh scileanna** a sheoladh chun monarú agus suiteáil teicneolaíochtaí glan-nialasacha agus na n-amhábhar a theastaíonn uathú a mhéadú[85]. Tá an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil ag cuidiú tuilleadh leis na Ballstáit athchóirithe struchtúracha a cheapadh agus a chur chun feidhme chun uas-sciliú agus athsciliú an daonra a chur chun cinn agus chun feabhas a chur ar scileanna daoine óga. Tacaíonn an Sásra Treiseora Tallainne[86] le réigiúin an Aontais atá buailte leis an meath luathaithe ar a ndaonra in aois oibre.

D'fhéadfadh **soghluaisteacht oibrithe** sa Mhargadh Aonair cuidiú le ganntanais scileanna a mhaolú[87]. Mar sin féin, go dtí seo ní bhaineann sé ach le líon sách beag oibrithe de chuid an Aontais (3.8 %[88]) agus tá sé i bhfad níos forleithne i measc na n-oibrithe ardoilte. Ní dhearna ach 14 % de FBManna an Aontais (i gcomparáid le 30 % de ghnólachtaí móra) iarracht baill foirne a earcú ó Bhallstáit eile an Aontais[89]. Le ceanglais rialála nó riaracháin, is minic a chuirtear bac ar shoghluaisteacht an lucht saothair agus is gá simpliú a dhéanamh. Agus iad ag bogadh chun críocha oibre, bíonn difríochtaí le sárú ag saoránaigh an Aontais maidir le cleachtais chlárúcháin le húdaráis áitiúla agus maidir le rochtain ar na córais TF náisiúnta[90]. Tá an ráta **aitheantais do cháilíochtaí gairmiúla** chun rochtain a fháil ar ghairm rialáilte i mBallstát eile réasúnta ard i bhformhór mór na mBallstát, ach tá ceanglais sriantacha cáilíochtaí agus nósanna imeachta fada

[83] Mar shampla, cuidíonn an tSaotharlann Foghlama maidir le hInfheistiú in Oideachas agus Oiliúint ar Ardchaighdeán leis na Ballstáit beartais atá an-éifeachtach maidir le borradh a chur faoi bhunscileanna agus ardscileanna a shainaithint.

[84] Le haghaidh na clárthréimhse 2021-2017, ba cheart go mbeadh os cionn EUR 42 billiún (buiséad iomlán) i gceist leis na hinfheistíochtaí CSE+ in oideachas agus i scileanna agus, agus ba cheart breis agus EUR 15 mhilliún a dhíriú ar fhoghlaim do dhaoine fásta. I measc na bpleananna náisiúnta chun acmhainní CSE+ nó na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a úsáid tá go leor gníomhaíochtaí chun an lucht saothair a athsciliú; i gcás thart ar leath de na Ballstáit, áirítear leo freisin gníomhaíocht i dtreo scéimeanna cuntas foghlama aonair, lena gcuirtear Moladh ón gComhairle ó mí an Mheithimh 2022 chun feidhme.

[85] Forbraíonn acadaimh scileanna cláir foghlama a thairgtear do sholáthraithe oideachais agus oiliúna sna Ballstáit. Bunaithe ar an tsamhail atá ann cheana in earnáil na gceallraí, is é aidhm na n-acadamh oiliúint a chur ar 100,000 foghlaimeoir laistigh de 3 bliana óna mbunú. Ina theannta sin, tabharfaidh an tAcadamh um Chibearscileanna tionscnaimh atá ann cheana maidir le cibearscileanna le chéile agus feabhsóidh sé a gcomhordú, d'fhonn an bhearna tallainne cibearshlándála san Acadamh um Chibearscileanna a dhúnadh An tArdán um Scileanna Digiteacha agus Poist Dhigiteacha (europa.eu).

[86] harnessing-talents-regions_en.pdf (europa.eu)

[87] An Coimisiún Eorpach (2023), Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip.

[88] Soghluaisteacht agus meaitseáil an lucht saothair thar theorainneacha | Scórchlár an Mhargaidh Aonair (europa.eu). Ina theannta sin, is cosúil nach raibh ach 17 % de shaoránaigh an Aontais Eorpaigh riamh ina gcónaí nó ag obair i dtír seachas a dtír féin (féach an Coimisiún Eorpach (2022), Eorabharaiméadar 528 'Soghluaisteacht laistigh den Aontas i ndiaidh na paindéime').

[89] An Coimisiún Eorpach (2023), Flais-Eorabharaiméadar 537 'FBManna agus ganntanais scileanna'.

[90] Flais-Eorabharaiméadar 529 An Bhliain Eorpach um Scileanna: Tuarascáil maidir le ganntanas scileanna, straitéisí earcaíochta agus coinneála i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide.

fós i ngairmeacha agus i dtíortha áirithe[91]. Chun cuidiú le **hoibrithe ó thríú tíortha a mhealladh**, áirítear le 'pacáiste soghluaisteachta scileanna agus tallainne'[92] an Choimisiúin moltaí do na Ballstáit maidir le conas aitheantas cáilíochtaí náisiúnach tríú tíre a éascú[93] agus togra le haghaidh Rialachán maidir Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh a bhunu[94].

Mar obair leantach ar Chruinniú Mullaigh Comhpháirtithe Sóisialta Val Duchesse, a bhí ar siúl an 31 Eanáir 2024, tiocfaidh an Coimisiún, i gcomhar le comhpháirtithe sóisialta, chun tosaigh le Plean Gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna, faoi earrach 2024.

[91] Rochtain ar Sheirbhísí agus ar Mhargaí Seirbhísí | Scórchlár an Mhargaidh Aonair (europa.eu).
[92] Teachtaireacht maidir le Soghluaisteacht Scileanna agus Tallainne, COM(2023) 715.
[93] C(2023) 7700 final.
[94] COM(2023) 716 final.

Trí úsáid níos éifeachtaí agus níos spriocdhírithe a bhaint as cistí an Aontais le haghaidh infheistíocht in oideachas agus i scileanna ar an leibhéal náisiúnta, mar shampla chun tacú le gníomhaíochtaí faoin gComhshocrú do Scileanna agus faoi acadaimh scileanna glan-nialasacha, is féidir cuidiú le dul chun cinn a bhaint amach maidir le hoideachas agus oiliúint a ailíniú leis an éileamh ar scileanna.

Thairis sin, d'fhéadfaí soghluaisteacht oibrithe agus soláthraithe seirbhíse a éascú trí cheanglais rochtana chomhréireacha le haghaidh gairmeacha rialáilte, trí aitheantas níos éasca a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla agus trí chleachtais chlárúcháin níos simplí agus níos digití do shaoránaigh a bhogann go Ballstát eile.

## 9. An trádáil agus uathriail straitéiseach oscailte

| PTF | Tuairisc | Sprioc | Luach is déanaí an |
|---|---|---|---|
| PTF 16: Trádáil leis an gcuid eile den domhan (mar sciar de OTI) | Trádáil leis an gcuid eile den domhan (mar sciar de OTI) | Méadú | 17.6 % le haghaidh earraí (2022)<br>14.8 % le haghaidh earraí (2021)<br>7.7 % le haghaidh seirbhísí (2022)<br>6.9 % le haghaidh seirbhísí (2021) |
| PTF is iarrthóir 16a: Onnmhairí earraí agus seirbhísí mar sciar de na hallmhairí sa chuid eile den domhan | Onnmhairí earraí agus seirbhísí de chuid an Aontais, na Ríochta Aontaithe, na Stát Aontaithe, na Seapáine agus na Síne mar scaireanna faoi seach den chuid eile d'allmhairí an domhain. | Cobhsaí nó Méadaithe | 16.2 % le haghaidh earraí (2022)<br>16.4 % le haghaidh earraí (2021)<br>33.1 % le haghaidh seirbhísí (2022)<br>35.2 % le haghaidh seirbhísí (2021) |


**Tá an trádáil ríthábhachtach d'iomaíochas fadtéarmach an Aontais Eorpaigh. Cothaítear éifeachtúlacht agus nuálaíocht, agus osclaítear margaí d'oibreoirí an Aontais léi. Faigheann an tAontas neart eacnamaíoch agus polaitiúil óna sheasamh mar an trádálaí agus an t-infheisteoir is mó: is é an t-onnmhaireoir is mó ar domhan é, a bhfuil 16 % de na honnmhairí domhanda aige. Is tionscnóir é an tAontas Eorpach ar thrádáil oscailte agus ar thrádáil atá bunaithe ar rialacha agus a dhéanamh go maith uaithi. Ag an am céanna, mar gheall ar rioscaí nua a eascraíonn as teannas geopholaitiúil méadaithe, ar chleachtais éagóracha trádála agus spleáchais neamhshiméadracha, ghlac an tAontas Eorpach céimeanna nua, ag spreagadh éagsúlú soláthair, trí naisc trádála agus infheistíochta a threisiú chomh maith leis an acmhainn mhonaraíochta a neartú i réimsí criticiúla. Tá an**

[95] Is iad na sonraí na cinn a bhí ar fáil i mí na Nollag 2023. In Iarscríbhinn 1 'Forléargas ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) maidir le hiomaíochas fadtéarmach' in SWD(2024) 78, tugtar faisnéis maidir le treochtaí níos faide.

**tAontas ag baint úsáid as a uirlisí cosanta trádála freisin agus ag cur lena bhosca uirlisí chun cothrom iomaíochta a chosaint do ghnólachtaí an Aontais.**

Tá an trádáil ríthábhachtach d'iomaíochas fadtéarmach an Aontais Eorpaigh. Is ar leibhéal 18 % agus leibhéal 8 % de OTI an Aontais in 2022, faoi seach, a bhí an trádáil lasmuigh den Aontas in earraí agus i seirbhísí. Is é an tAontas an t-**onnmhaireoir is mó ar fud an domhain** (sciar 16 % d'allmhairí na dtíortha go léir, ar comhléibhéal leis an tSín agus go mór chun tosaigh ar SAM). Feidhmíonn an tAontas go láidir maidir le seirbhísí (féach Figure 5 ) agus maidir le honnmhairí ardteicneolaíochta (23 %) cé go bhfuil laghdú tagtha ar an sciar sin de réir a chéile le deich mbliana anuas[96]. Tá lámh an uachtair ag an Aontas freisin maidir le honnmhairí domhanda i roinnt earnálacha monaraíochta, amhail ceimiceáin agus margaí gluaisteán (féach Figure 6), áit a bhfuil caillteanais sa sciar den mhargadh mar thoradh ar na forbairtí is déanaí, áfach, go háirithe an ghéarchéim fuinnimh agus an fás tapa sa tSín ar mhargaí na teicneolaíochta glaine. Go deimhin, d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag meascán de thosca 'brú' (costais fuinnimh níos airde san Aontas) agus 'tarraingt' (coinníollacha infheistíochta an-tarraingteach i dtríú tíortha) ar an infheistíocht a theastaíonn san Eoraip le haghaidh aistriú glas agus digiteach rathúil.


Figiúir 5 : Sciar na n-onnmhairí domhanda: iomlán (ar chlé); seirbhísí (ar dheis)




Foinse: An Coimisiún Eorpach, bunaithe ar EDT (an Eagraíocht Dhomhanda Trádála)

[96] Athléimneacht eacnamaíoch | Scórchlár an Mhargaidh Aonair (europa.eu).

Figiúir 6: Sciar na n-onnmhairí domhanda: An tAontas, an tSín, Stáit Aontaithe Mheiricea (%): ceimiceáin (ar chlé); gluaisteáin (ar dheis)




Foinse: An Coimisiún Eorpach, bunaithe ar EDT

Le géarchéim phaindéim COVID-19 agus ionradh na Rúise ar an Úcráin, léiríodh leochaileacht an Mhargaidh Aonair i leith suaitheadh sa slabhra soláthair, lenar éilíodh gníomhaíocht cheannasach, lena n-áirítear bearta cómhalartachta, ceannach comhpháirteach, agus soláthar éagsúlaithe[97]. Bhí Ardán Fuinnimh an Aontais ríthábhachtach chun éileamh na gceannaitheoirí Eorpacha a chomhthiomsú agus soláthairtí gáis chuig an Eoraip a áirithiú ó na táirgeoirí agus na soláthróirí idirnáisiúnta. D’fhéadfaí é a úsáid mar threoirphlean chun ceannach comhpháirteach tráchtearraí straitéiseacha a eagrú, lena n-áirítear hidrigin agus amhábhair chriticiúla.

Tá méadú tagtha **ar nochtadh an Aontais don tSín** le fiche bliain anuas. Léirítear le rialuithe onnmhairiúcháin le déanaí a chuir an tSín ar tháirgí gailliam, gearmáiniam agus graifíte saorga na rioscaí bunúsacha a bhaineann le spleáchas forleathan eacnamaíoch ar allmhairí ó sholáthróir amháin nach soláthróir de chuid an Aontais é. Sa chomhthéacs sin, tá a straitéis maidir le dí-rioscú á forbairt agus á cur chun feidhme ag an gCoimisiún i ndáil leis an tSín.

Mar fhreagairt ar an iarraidh ón gComhairle Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2020, shainaithin an Coimisiún **spleáchais straitéiseacha[98]** an Aontais agus thosaigh sé ag tabhairt aghaidh orthu. Baineann spleáchais straitéiseacha le thart ar 9.2 % d'iomlán na n-allmhairí lasmuigh den Aontas, agus pointí teipe aonair (SPOFanna)[99] (i 40 % de na cásanna sainaitheanta. Tá príomhearnálacha amhail an earnáil spáis agus cosanta neamhchosanta freisin ar spleáchais eachtracha lena n-éilítear go méadófar comhtháthú na margaí sin laistigh den Aontas.

---

[97] REPowerEU (europa.eu).

[98] An Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna, an Coimisiún Eorpach;
Doiciméad Inmheánach Oibre(2021)352 ‘Spleáchais agus acmhainneachtaí straitéiseacha’; Doiciméad Inmheánach Oibre(2022) 40 final ‘Spleáchais agus cumais straitéiseacha an Aontais: an dara céim d'athbhreithniú grinn’; Páipéir Eacnamaíocha an Mhargaidh Aonair, n. ‘Modheolaíocht fheabhsaithe chun faireachán a dhéanamh ar spleáchais straitéiseacha agus ar leochaileachtaí an Aontais - an Coimisiún Eorpach (europa.eu)

[99] Braitheann an riosca a bhaineann le SPOFanna ar dhá ghné táirge: (1) nód lárnach a bheith i líonraí trádála domhanda don táirge sin, agus (2) comhchruinniú ard d'onnmhairí domhanda a bheith i dtír amháin. Faightear an riosca ríofa maidir le SPOF domhanda tríd an dá tháscaire sin a chur le chéile. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach lch. 18 i bPáipéir Eacnamaíocha an Mhargaidh Aonair, n. 14 (tagairt thuas).

Tá bearta glactha ag roinnt **tíortha nach tíortha den Aontais iad** chun a spleáchais féin a laghdú agus chun creidmheas agus infheistíocht in earnálacha straitéiseacha a threisiú[100]. Le cúnamh óna fhóirdheontais stáit atá fabhrach d'fhiontair faoi úinéireacht an stáit, do chláir tacaíochta, do chistí treorach rialtais agus do chleachtais trádála, tá an tSín ar thús cadhnaíochta sa mhargadh teicneolaíochta glaine anois. Is fiú níos mó ná USD 280 billiún an phíblíne infheistíochtaí a d'fhógair an tSín, rud a fhágann ró-acmhainneachtaí agus brú praghsanna a d'fhéadfadh an cás gnó do thionscail in áiteanna eile a chur i mbaol. Leis an Inflation Reduction Act (IRA), tá dlús curtha ag SAM lena iarrachtaí dul i ngleic leis an athrú aeráide. Tá cur chuige na Stát Aontaithe bunaithe ar fhóirdheontais chun bonn monaraíochta intíre teicneolaíochtaí glan-nialasacha a chruthú. Ardaíodh ábhair imní le roinnt gnéithe de IRA, go háirithe maidir le hábhar idirdhealaitheach, riachtanais tionóil, agus fóirdheontais táirgthe, don Aontas agus do chomhpháirtithe idirnáisiúnta eile[101]. Mar shampla, leis na creidmheasanna cánach IRA, déantar méadú 25-30 % de na costais iomlána táirgthe ar an mbuntáiste costais do tháirgeadh intíre pacáistí ceallraí[102].

Chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin den sórt sin, d'fhorbair an tAontas a bhosca uirlisí féin, lena gcomhcheanglaítear iarrachtaí chun an soláthar a éagsúlú agus acmhainneacht intíre a threisiú[103].

Tá an Coimisiún rannpháirteach go gníomhach fós maidir le EDT a chosaint agus a athchóiriú chun aghaidh a thabhairt ar an saobhadh iomaíoch ar bhealach níos éifeachtaí, agus tá an 13ú Comhdháil Aireachta atá le teacht ina deis thábhachtach. Tá Comhaontuithe Saorthrádála agus Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíocha tugtha i gcrích aige freisin, amhail leis an Nua-Shéalainn, leis an gCéinia agus leis an tSile, agus tá idirbheartaíocht á déanamh aige le tíortha eile. I gcomhthráth leis sin, chun dlús a chur leis an gcomhar tionsclaíoch, tá **Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha Amhábhar** tugtha i gcrích ag an Aontas le Ceanada, leis an Úcráin, leis an gCasacstáin, leis an Namaib, leis an Airgintín, leis an tSile, le Poblacht Dhaonlathach an Chongó, leis an tSaimbia agus leis an nGraonlainn. Éascaíonn na comhpháirtíochtaí sin tionscadai lthionsclaíocha maidir le hamhábhair i dtíortha nach tíortha den Aontas iad le ceannaitheoirí an Aontais[104] agus </g>tacaíonn siad le slabhraí luacha inbhuanaithe a fhorbairt agus le poist áitiúla ardchaighdeáin. Tá straitéis **Global Gateway** an Aontais níos leithne mar bhonn faoi na comhpháirtíochtaí le tíortha i mbéal forbartha. Tá ceithre **Chomhpháirtíocht Dhigiteacha** tugtha i gcrích ag an Aontas freisin, leis an tSeapáin, leis an gCóiré, le Singeapór agus le Ceanada, ina ndírítear go háirithe ar 5G slán, cibearshlándáil,

[100] In Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an Teachtaireacht sin, tugtar forléargas ar bhearta athléimneachta na bpríomh-chomhpháirtithe idirnáisiúnta (SWD(2024) 78).

[101] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_23_5245.

[102] Deloitte (2023), 'Sustainability & Climate IRA and the net-zero race – How EU industrial policy should respond', [Inbhuanaitheacht agus aeráid ABL agus an rás glan-nialasach — Conas ba cheart do bheartas tionsclaíoch an Aontais freagairt], lch. 11.

[103] Áirítear leis sin, i measc iarrachtaí eile, iarrachtaí a rinneadh mar chuid de Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, lena n-áirítear an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, an Creat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe.

[104] Mar shampla, i ndáil leis an gcomhpháirtíocht straitéiseach leis an gCasacstáin, tá comhar bunaithe ag cuideachtaí an Aontais agus Kazak chun mianraí tearcithreacha a aisghabháil ó dhramhaíl mianadóireachta úráiniam, i dtaiscéalaíocht gheoifisiceach aeriompartha agus i bpróiseáil inbhuanaithe dhá thaisce tungstain sa Chasacstáin, le rannpháirtíocht mhaoiniú an Aontais agus BEAF uaireanta.

ríomhaireacht chandamach agus athléimneacht an tionscail leathsheoltóirí[105]. Tá an tAontas ag obair freisin i dtreo **rialacha trádála digití** ceangailteacha leis na príomh-chomhpháirtithe[106].

Ghlac an tAontas sraith ionstraimí nua freisin mar aon lena ionstraimí cosanta trádála chun **iomaíocht a chosaint ar bhonn cothrom.**[107]. Tá imscrúdú foirmiúil seolta ag an gCoimisiún go háirithe i gcoinne fóirdheontais shaobhacha feithiclí ceallra-leictreacha allmhairithe ón tSín[108].

Ina theannta sin, tá Straitéis Slándála Eacnamaíche na hEorpa glactha ag an Aontas freisin. Freagraíonn an Coimisiún do rioscaí sainaitheanta trí bhearta a mholadh chun iomaíochas an Aontais a **chur chun cinn**, chun slándáil eacnamaíoch an Aontais a **chosaint** agus chun an comhar a neartú tuilleadh trí **chomhpháirtíocht** a dhéanamh le réimse leathan tíortha. I mí Eanáir 2024, ghlac an Coimisiún pacáiste tograí chun an Straitéis sin a chur i bhfeidhm[109].

> Ba cheart don Aontas líonra níos nua-aimseartha de chomhaontuithe trádála, de chomhpháirtíochtaí agus de chomhghuaillíochtaí a chruthú, agus é ag obair an t-am ar fad chun comhar iltaobhach agus trádáil oscailte a threisiú.
>
> Ag an am céanna, lenár stór feabhsaithe d'uirlisí cosanta trádála, féadfar slándáil agus athléimneacht eacnamaíoch a fheabhsú. Ba cheart don Aontas cosaint trádála a imscaradh chun an Margadh Aonair a chosaint nuair is gá agus ba cheart dó oibriú ar bhonn leanúnach chun rioscaí slándála eacnamaíocha i dtimpeallacht chasta a mheasúnú agus aghaidh a thabhairt orthu.
>
> Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh: (1) faireachán gníomhach a dhéanamh ar athléimneacht na slabhraí soláthair straitéiseacha agus dul i mbun na measúnuithe riosca dá bhforáiltear faoin Straitéis Slándála Eacnamaíche; (2) straitéisí maidir le slabhraí soláthair a ailíniú agus acmhainneacht thionsclaíoch a fhorbairt i réimsí lena mbaineann tábhacht straitéiseach, ag baint leas as sineirgí na gníomhaíochta comhordaithe, go háirithe tríd anmBord Leathsheoltóirí, tríd an mBord um Amhábhair Chriticiúla agus tríd an Ardán um Ghlan-nialasachta na hEorpa; agus (3) éagsúlú a chur chun cinn trí chomhar idir gníomhaithe tionsclaíocha na dtíortha Eorpacha agus na dtíortha comhpháirtíochta i dtionscadail a bhaineann leis na hamhábhair agus leis na comhpháirtíochtaí digiteacha arna mbunú ag an Aontas.

## Conclúid

I gcomhthéacs geopholaitiúil domhanda dúshlánach atá ag athrú go tapa, is é an Margadh Aonair an tsócmhainn is láidre de chuid an Aontais fós. Meabraítear dúinn leis an Teachtaireacht seo nach éacht statach é an Margadh Aonair. Bhraitheann a shláinte agus iomaíochas ár ngeilleagar ar ár gcomhiarrachtaí leanúnacha chun aire a thabhairt dó agus a áirithiú go mbeidh sé ag teacht i gcónaí leis an réaltacht eacnamaíoch.

---

[105] Comhpháirtíochtaí Digiteacha | Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú (europa.eu).

[106] Tá idirbheartaíocht leis an tSeapáin tugtha chun críche agus tá idirbheartaíocht fós ar siúl leis an gCóiré Theas agus Singeapór.

[107] Mar shampla, tá Rialachán an Aontais maidir le Fóirdheontais Eachtracha, Rialachán maidir le hInfheistíocht Dhíreach Eachtrach, an ionstraim Frith-Chomhéigin, an Ionstraim Soláthair Idirnáisiúnta, glactha ag an Aontas.

[108] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_23_4752.

[109] Uirlisí nua chun slándáil eacnamaíoch an Aontais a threisiú - An Coimisiún Eorpach (europa.eu)..

Le blianta beaga anuas, nuachóirigh an tAontas an Margadh Aonair trína spás digiteach a eagrú, sraith aonfhoirmeach rialacha a sholáthar do ghnólachtaí chun go bhfeidhmeoidh siad ar líne ar fud an Aontais. Tá an tAontas ag gabháil freisin do gheilleagar níos ciorclaí a chur chun cinn, ag soláthar deiseanna gnó do chuideachtaí agus coigilteas do thomhaltóirí.

Ina theannta sin, tá iarrachtaí déanta ag an Aontas Eorpach fáil réidh le bacainní ar infheistíocht. Chuir an Coimisiún tús le feachtas cinntitheach chun an t-ualach tuairiscithe a laghdú. Tacaíonn ionstraimí an Aontais le hinfheistíochtaí san aistriú glas agus san aistriú digiteach. Is é is aidhm don Chomhshocrú um Scileanna agus do bhearta lena n-éascaítear soghluaisteacht an lucht saothair gníomhú i leith ganntanais scileanna. Le bearta nua, amhail an Gníomh um Shliseanna, an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta nó an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla, cuirfear dlús le tionscadail mhonaraíochta i dteicneolaíochtaí na todhchaí agus tabharfar aghaidh ar leochaileachtaí sa slabhra soláthair.

Sainaithnítear leis an Teachtaireacht seo réimsí chun iomaíochas domhanda an Aontais a choinneáil ar bun agus a fheabhsú, go háirithe:

- Iarrachtaí tiomnaithe chun cur chun feidhme rialacha comhaontaithe a fheabhsú agus a shimpliú, lena n-áirítear trí 'rórialáil' a sheachaint, chun déanamh gnó agus fiontraíocht san Eoraip a éascú.
- Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit dlús a chur leis na hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar chostais fuinnimh, trí úsáid luathaithe fuinnimh dícharbónaithe agus trí infheistíocht i mbonneagar, lena n-áirítear eangacha agus idirnaisc trasteorann.
- Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit leanúint le tús áite a thabhairt d'Aontas na Margaí Caipitil a bheidh ina fhíor-aontas leathan a imscaradh, chun rochtain ar mhaoiniú príobháideach a éascú, go háirithe ar chaipiteal riosca agus fiontair, agus chun méadú cuideachtaí san Eoraip a éascú.
- Tá gá le hinfheistíocht phoiblí leanúnach chun buntáiste iomaíoch na hEorpa a áirithiú i bpríomhréimsí tosaíochta, i bhfianaise rath Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh agus REPowerEU. Le cur chun feidhme tráthúil chistí an Aontais amhail ionstraimí beartais Comhtháthaithe, is féidir cur leis an gcothroime iomaíochta agus cóineasú réigiúnach sa Mhargadh Aonair a fheabhsú, lena n-áirítear trí infheistíochtaí méadaithe i réimsí straitéiseacha teicneolaíochta a chumhdaítear le STEP.
- Ní mór bearta a dhéanamh chun tús áite a thabhairt arís d'iarrachtaí taighde agus aistriú torthaí taighde go feidhmchláir phraiticiúla ghnó a neartú.
- Go háirithe lena áirithiú gur féidir le gnóthais an Aontais leanúint le bheith ag déanamh go maith in earnálacha na teicneolaíochta digití, na teicneolaíochta glaine agus in earnálacha straitéiseacha eile, ba cheart don Aontas leanúint le trádáil chóir agus oscailte a chur chun cinn agus le hionstraimí cosanta trádála a úsáid chun an Margadh Aonair a chosaint nuair is gá.
- Ba cheart níos mó airde a thabhairt ar na bearnaí scileanna agus saothair i gcomhthéacs treochtaí déimeagrafacha níos leithne, go háirithe trí iarrachtaí maidir le hoideachas agus oiliúint, ach freisin trí shoghluaisteacht scileanna agus tallainne laistigh den Aontas agus chuig an Aontas a éascú.

Sa chomhthéacs sin, leagtar amach sa Teachtaireacht seo réimsí agus treoracha chun go n-éireoidh leis na spreagthaí a comhaontaíodh sa Straitéis Fhadtéarmach Iomaíochais agus chun

oibriú i dtreo na gcuspóirí a leagadh síos ansin agus sa Teachtaireacht maidir leis an ‘Margadh Aonair ag 30’.

Leanfar leis an bplé sin agus cuirfear ábhair ríthábhachtacha leis nuair a fhoilseofar Tuarascáil Ardleibhéil Enrico Letta atá le teacht maidir le todhchaí an Mhargaidh Aonair agus Tuarascáil Mario Draghi maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa.

Ar feitheamh na n-ábhar sin, iarrann an Coimisiún ar an gComhairle, ar an gComhairle Eorpach agus ar Pharlaimint na hEorpa an staid reatha agus na hionchais maidir le dul chun cinn sa Mhargadh Aonair agus san iomaíochas a phlé i bhfianaise na Tuarascála seo.